



Oifig an
Office of the

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Director of Public Prosecutions

Tuarascáil Bhliantúil 2008

OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
14 - 16 Sráid Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: + 353 1 678 9222
Faics: + 353 1 661 0915
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An Rannán Aturnaetha,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7.

Teil: +353 1 858 8500
Faics: +353 1 858 8555
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

CLÁR

Réamhrá.	4
1 Obair Ghinearálta Na hOifige	7
2 Athbhreithniú ar an mBliain	8
3 Forbairtí Dlíthiúla 2008	18
4 Aonad an Pholasaí Ionchúisimh.	25
5 Saoráil Faisnéise.	28
6 Staitisticí.	29
7 Sliocht as Cuntas Leithreasa 2007	54
8 An tAcht Um Íocpras Cuntas, 1997	55
9 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil	56
10 Struchtúr Eagrúcháin	57
Aguisín I Ráiteas Polasaí maidir le Cúiseanna a thabhairt le Cinntí Gan Ionchúiseamh a Dhéanamh	58
Aguisín II Ráiteas faoi Thoradh na Bliana 2008	59
Aguisín III Cairt an Íospartaigh.	62

Réamhrá

Is mór agam arís tuarascáil bhliantúil na hOifige a chur i láthair.

Tá tuarascáil 2008 á cur i láthair ábhairín níos déanaí i mbliana ná de ghnáth. Tharla sé sin mar gheall go bhfuilimid ag críochnú thabhairt isteach chóras cásbhainistíochta nua. I measc rudaí eile bhí go leor oibre i gceist chun staitisticí a bhaint as an gcóras nua agus theastaigh uaim a chinntiú go mbeadh na staitisticí réasúnta cruinn sula n-eiseoinn an tuarascáil. Tá áthas orm a rá go bhfuil an córas cásbhainistíochta nua beagnach críochnaithe agus go bhfuil sé ag teacht leis an mbuiséad, cé go bhfuil sé níos déanaí ná mar a bhí pleanáilte ar dtús. Beidh difríocht shuntasach sa chaoi a ndéanfaidh an oifig a cuid oibre, mar don chéad uair beidh córas cásbhainistíochta againn agus beidh rochtain ar gach gné den obair ar chomhad ionchúisimh coiriúil agus beifear in ann déileáil leis go leictreonach ag gach céim den phróiseas ionchúisimh.

Mar is gnáth is é croílár na tuarascála bliantúla ná an t-eolas staitisticíúil atá ann. Lean an t-ardú ar líon na gcomhad ar dhéileáil an Oifig leo in 2008.

Ba é an t-athrú eile ba shuntasáí in obair ghairmiúil na hOifige i rith 2008 ná tabhairt isteach tionscadal píolótach faoi na cúiseanna a bhain le cinntí a rinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna inar bhásaigh duine nó daoine an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh. Ag tráth scríofa, tá an tionscadal píolótach seo ag feidhmiú le bliain anuas go díreach. Mar gheall ar na moilleanna idir cion a dhéanamh, é a imscrúdú, é a chur faoi bhráid m'Oifige, agus an cinneadh i ndeireadh thall cibé an ndéanfar ionchúiseamh, is anois féin atáimid ag fáil iarratas ar na cúiseanna i gcásanna ina ndearnadh cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Go dtí seo, níl iarratais faighte ach i líon beag cásanna. Bhí sé i gceist ar dtús, ag an am ar fhógair mé an tionscadal píolótach, go leanfadh sé ar aghaidh go dtí 1 Eanáir 2010 ar a laghad. Ag tráth scríofa meastar go gcaithfear an tionscadal



píolótach a shíneadh thairis sin mar ní dóigh go mbeidh dóthain ábhair ann chun measúnú iomlán a dhéanamh ar an tionscadal píolótach faoin dáta sin. Más amhlaidh scéal bheadh sé ar intinn agam leanúint leis an scéim píolótach go ceann tréimhse níos faide sula bhfoilseoinn an measúnú. Tá na tuairimí go dtí seo faoi thabhairt isteach na scéime an-dearfach. Ag glacadh leis go n-éireoidh leis an tionscadal, is í an chéad chéim eile ná féachaint an bhféadfaí an scéim a leathnú chuig na catagóirí eile cionta.

Tá sé dodhéanta réamhrá do thuarascáil bhliantúil 2008 a scríobh gan aird a thabhairt ar na cúinsí eacnamaíochta athraithe ina bhfuil Éire agus institiúidí ar fad an Stáit anois. I rith 2009 d'éirigh le m'Oifig coigiltis shuntasacha a dhéanamh sa bhuiséad riaracháin. Ní bhaineann an buiséad seo ach le cuid an-bheag de chaiteachas na hOifige, áfach. Tá Oifig an DPP difriúil ó fhormhór na nOifigí agus na Ranna Rialtais eile sa mhéid agus nach bhfuil ach feidhm shuntasach amháin aici, is é sin coireanna a

ionchúiseamh. Níl cláir roghnacha aici ar féidir léi a chinneadh deireadh a chur leo. Ina theannta sin, tá an Oifig neamhghnách sa mhéid agus go gcuirtear amach cuid mhór den obair chuig an mbarra príobháideach nó chuig na haturnaetha stáit áitiúla a oibríonn ar conradh don Oifig. Is ionann íocaíocht táillí abhcóidí agus thart ar aon trian de bhuiséad na hOifige. I rith 2009 rinneadh ciorruithe suntasacha i dtáillí abhcóidí de thart ar 8%, i dteanna cinnidh i Meán Fómhair 2008 gan an t-ardú de 2.5% a íoc a bheadh dlite ar shlí eile. Ina theannta sin, cuireadh deireadh le roinnt íocaíochtaí eile. Ar an iomlán is dóigh go bhfuil scála na gcorruithe atá curtha ar mBarra thart ar 14%. Cé gur cruatan beag é sin i gcomparáid leis an iliomad daoine sa tsochaí a bhfuil a bpost nó a maoin ar fad caillte acu, ní bheadh sé cothrom gan aird a tharraingt ar an spiorad a bhfuil na habhcóidí a bhíonn sa chúirt ar son na hOifige ag glacadh leis na ciorruithe sin mar chuid den phraghas a chaithfear a íoc chun leas eacnamaíochta na tíre a athbhunú.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tiomantas atá léirithe ag m'fhoireann féin san Oifig le 12 mí anuas is iad ag leanúint ar aghaidh ag cur seirbhíse den scoth ar fáil in ainneoin gur cuireadh ciorruithe i bhfeidhm mar thobach pinsin, agus in ainneoin go gciallaíonn laghdú ar an bhfoireann go bhfuil ualach oibre níos troime á leagan ar gach comhalta san Oifig.

Beidh na blianta atá le teacht crua ar an Oifig seo agus ar an tír ar fad. Fáiltim, áfach, roimh an tuiscint a dhealaíonn sé a bheith go fírinneach ar thábhacht na hoibre a dhéanann an Oifig agus ar an scóip theoranta a bhaineann go fírinneach le laghdú a dhéanamh ar chaiteachas na hOifige gan an tseirbhís a sholáthraíonn sí a laghdú go suntasach. Is cosúil go dtuigtear nach féidir na seirbhísí a sholáthraímid a laghdú. Tá tuiscint ann chomh maith go bhfuil an chuid is mó de chaiteachas na hOifige faoi réir ag an éileamh a bhíonn ann sa chiall nach bhfuil smacht againne ar an leibhéal coiriúlachta nó ar líon na n-ionchúiseamh a

chaithfimid a thabhairt. Tá a cuid déanta ag m'Oifige maidir le moltaí a chur chun cinn chun teorainn a chur le nochtheadh an cháiníocóra i leith caiteachas neamhriachtanach laistigh den chóras ceartais choiriúil ar an iomlán.

Ag tráth scríofa níltear cinnte cén uair a bheidh an Oifig ar fad ar ais i bhfoirgneamh amháin. Tá an oifigi suite faoi láthair in dhá áitreamech ar leithligh agus is cur amú agus neamhéifeachtacht atá ansin go fírinneach agus teorannaíonn sé cumas na hOifige an obair a atheagrú ar bhealaí a mbainfeadh níos mó éifeachtaí leo. Tá suíomh amháin geallta don Oifig don fhoireann ar fad ón gcónascadh ocht mbliana ó shin den Oifig an DPP le rannán coireachta Oifig an Phríomh-Atur na Stáit, ach níor tháinig sé sin chun cinn riamh. D'ainneoin na dteorainneacha ollmhóra atá anois ar bhuiséad caipitil an Rialtais ceapaim go bhfuil gá le hiarrachtaí arís le comhaltaí na hOifige ar fad a lonnú i suíomh amháin.

Ar deireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le m'fhoireann féin, leis na haturnaetha stáit áitiúla, agus leis na daoine aonair agus na heagraíochtaí a oibríonn go dlúth le m'Oifig as an obair dhícheallach a rinne siad in 2008 agus ó shin i leith in imthosca a bhí níos crua ná mar a chonaiceamar le blianta fada. Creidim gur dea-thuar do thodhchaí sheirbhís ionchúisimh na hÉireann é spiorad comhoibrithe agus dlúthpháirtíochta chomhaltaí na hOifige seo agus spiorad na bpríomhghéallsealbhóirí agus iad ag tabhairt aghaidh ar chora crua.



James Hamilton
An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
Samhain 2009

RÁITEAS MHSIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

1 OBAIR GHINEARÁLTA NA hOIFIGE

1.1 Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

1.2 Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig. Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

1.3 Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis. Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna. I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfadh cinneadh a dhéanamh. Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie* - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda

Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair. Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

2 ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN



An Stiúirthóir in éineacht le haoichainteoirí ag an gcomhdháil a reachtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 22 Samhain 2008 - 'Leanaí i Saol an Duine Fásta II: Guth an Linbh – Ar Lár san Aistriúchán?'. Ó chlé: Joyce Plotnikoff, Comhairleoir Neamhspleách as an UK; James Hamilton, An Stiúirthóir Ionchúiseamh Poiblí; Rhonda Turner, Príomhshiceolaí in Aonad Naomh Louise, Ospidéal Naomh Muire do Leanaí Breoite; Úna Ní Raifeartaigh BL, An Leabharlann DLí; agus Barry Andrews TD, Aire Stáit do Leanaí agus Gnóthaí Óige.

2.1 Ba í 2008 an dara bliain a raibh plean straitéiseach trí bliana Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí á fheidhmiú. Sa phlean straitéiseach d'aithin an Oifig na príomhthosaíochtaí agus na príomhdhúshláin a bheadh roimpi sa tréimhse 2007-2009. Leagtar amach sa chaibidil seo an dul chun cinn a déanadh agus an fhorbairt a déanadh le linn 2008 chun freastal ar na dúshláin sin agus le caighdeán in ionchúisimh a chothabháil. Leagtar amach inti freisin faoi mar atá feidhmiú leanúnach an chlár le nuachóiriú a dhéanamh ar an státseirbhís mar bhuntaca faoin soláthar a dhéanann an Oifig seo ar sheirbhís ionchúisimh ar ardchaighdeán.

Ionchas an Phobail maidir leis an tSeirbhís

2.2 Is é an polasaí atá ann ó bunaíodh Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí in 1975 lean sí leis an bpolasaí seanbhunaithe in Éirinn

gan na cúiseanna a bheadh le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh ná a chothabháil a thabhairt ach amháin don Gharda Síochána. Bhain conspóid leis an bpolasaí seo in amanna go háirithe nuair a bhí íospartaigh coireachta buartha nuair nár insíodh dóibh na cúiseanna nár déanadh cás a ionchúiseamh.

2.3 De bharr go bhfuiltear ag gluaiseacht i dtreo cuntasacht a mhéadú i riarachán poiblí d'fhoilsigh Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí Plépháipéar um an Beartas Ionchúisimh maidir le Cúiseanna atá le Cinntí a Thabhairt in Eanáir 2008. Foilsíodh an páipéar mar chuid de phróiseas comhchomhairliúcháin phoiblí le díospóireacht a spreagadh agus le haighneachtaí a fháil ó réimse leathan saoránach agus ó dhaoine sa phobal go ginearálta ar mian leo go ndéanfaí athrú ar pholasaí na hOifige gan cúiseanna atá le cinntí

ionchúisimh a thabhairt nó nach mian. Tar éis an páipéar a fhoilsiú d'eagraigh an Oifig roinnt seimineár ina raibh an fhoireann agus páirtithe leasmhara páirteach, lena n-áirítear lucht dlí, Gardaí agus ionadaithe ó eagraíochtaí d'íospartaigh. Chuir na seimineáir fóram ar fáil do gach páirtí chun na príomh-shaincheistean a mbíonn le haon athrú polasaí a phlé.

- 2.4** I ndiaidh phróiseas comhchomhairliúcháin cuimsitheach d'fhógair an Stiúrthóir an 22 Deireadh Fómhair 2008 athrú ar an mbeartas ar chúiseanna atá le cinntí a thabhairt. Tá cóip den Cháipéis Polasaí leis an tuarascáil seo in Aguisín I.
- 2.5** Ag an am céanna d'fhoilsigh an Oifig tuarascáil ina dtugtar inti léargas ginearálta ar na próisis chomhchomhairliúcháin inmheánacha agus phoiblí chomh maith le hanailís ar na haighneachtaí a fuarthas agus ar na tuairimí a cuireadh in iúl – ina raibh eolas chriticiúil iontu ar fad a raibh tionchar aige ar an gcinneadh athrú a dhéanamh ar an bpolasaí atá ann faoi maidir le cúiseanna a thabhairt.
- 2.6** Baineann an beartas, a tugadh isteach ar bhonn píolótach, le cionta líomhnaithe amháin ina dtarlaíonn bás an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh sin. Sna cásanna seo tabharfar na cúiseanna a bhaineann le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nó gan leanúint le hionchúiseamh i scríbhinn ar iarratas ó theaghlach an duine éagtha (nó ó líon tí nó ó chomhairleoir dlí nó leighis nó ó oibrí sóisialach a bheadh ag gníomhú ar a son). Ní tabharfar cúiseanna ach amháin in imthosca ar féidir sin a dhéanamh gan éagartas a dhéanamh.
- 2.7** Mar gur bhain an polasaí leis an tréimhse ón 22 Deireadh Fómhair ní rabhtas ag súil go bhfaighfí aon iarratas den chineál sin roimh dheireadh 2008 mar gheall go nglacann sé am comhaid den chineál sin a iniúchadh, iad a chur ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus ina dhiaidh sin leis an bpróiseas déanta cinntí. Tabharfar tuairisc ar na forbairtí a bhaineann leis an mbeartas píolótach sa Tuarascáil Bhliantúil do 2009.



Jim McHugh, Cathaoirleach an Choimisiúin Tacaíochta d'íospartaigh Coireachta in éineacht le Donal Egan, Tacaíocht d'íospartaigh, ag plé-seimineár ar Bheartas Ionchúisimh maidir le Cúiseanna atá le Cinntí a Thabhairt a reachtáladh in Aibreán 2008.

- 2.8** Le linn 2008 lean Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag cur an teacht atá ar sheirbhísí thrí Ghaeilge chun cinn d'fhonn a cuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Bhí gach foilseachán a chuir an Oifig ar fáil dhátheangach. Tá láithreán greasáin na hOifige go hiomlán dhátheangach. Aon chomhfhreagras a fhaightear i nGaeilge freagraítear i nGaeilge é agus tá seoladh ríomhphoist ar leith ann do chomhfhreagras i nGaeilge (gaeilge@dppireland.ie). Bíonn déileáil ag an Oifig freisin le líon beag cásanna i nGaeilge i Rannán na nAturnaetha agus sa Rannán Stiúrtha.
- 2.9** Tháinig deireadh le chéad Scéim Gaeilge 2005-2008 na hOifige an 30 Meitheamh 2008. I Lúnasa 2008 chuir an Stiúrthóir an dara Scéim Gaeilge 2008-2011 chuig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lena ceadú. Féachann an dara scéim le cur leis an dul chun cinn a rinne an Oifig le linn shaolré na chéad Scéime i dtaobh seirbhísí thrí Ghaeilge a sholáthar.
- 2.10** I dteannta foilsíocháin Ghaeilge, agus mar aitheantas ar an bpobal mór inimirceach a bhfuil cónaí orthu in Éirinn anois cuireann an oifig leabhráin eolais ar fáil ar a láithreán greasáin i naoi dteanga eachtrannacha: Araibis, Fraincis, Laitvis, Liotuáinis, Mandairínis, Rómáinis, Rúisis agus Spáinnis.



Grianghraf a tógadh ag síniú an phrótacáil idir Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána an 16 Aibreán 2008 (ó chlé): James Hamilton, An Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí; Barry Donoghue, An Leas-Stiúrtóir Ionchúiseamh Poiblí; Carmel Foley, Coimisinéir, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána; Kevin Haugh nach maireann, Cathaoirleach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

Bainistíocht Straitéiseach

2.11 Cuireadh réimse tionscnamh bainistíochta straitéisigh i bhfeidhm le linn 2008 a chuidigh le cur le caighdeán agus le héifeachtacht na seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig.

2.12 An fhorbairt ba shuntasáí i dtaobh obair na hOifige a bhainistiú ab ea gur seoladh an chéad chéim den Chóras nua um Rianú Cásanna, Bainistíochta Cáipéise agus Comhad ar fud rannáin uile na hOifige. Faoin gcóras seo cuirtear pointe singil rochtana ar fáil don fhoireann ar fud rannáin na hOifige.

2.13 Sular cuireadh an córas nua i bhfeidhm bhíodh an Oifig ag brath ar roinnt bunachar sonraí éagsúl, gach ceann acu a d'oibríodh go neamhspléach ar a chéile. Faoin gcóras nua, tabharfar uimhir thagartha shingil do chomhad ionchúisimh a bheidh ag an gcomhad de réir mar a chuirtear chun cinn é ar fud rannáin éagsúla na hOifige.

2.14 Tá an fhoireann i Rannán na nAturaetha agus i Rannán Stiúrtha na hOifige anois in ann rochtain a fháil ar chomhaid ionchúisimh go leictreonach agus dhá bhrí sin beidh an tseirbhís níos tapa agus níos éifeachtachtaí don fhoireann uirthi. Cuirfidh an tseirbhís córas leictreonach comhtháite ar fáil do bhainisteoirí le hobair dhlí ar fud na heagraíochta iomlán a bhainistiú.

2.15 Chuaigh an dara céim den chóras beo i mBealtaine 2009 agus b'éard a bhí i gceist ann ná obair na rannóg Athbhreithniú Breithiúnach, Barántas Gabhála Eorpach, An Chúirt Achomhairc Choiriúil, Coigistiú ar Shócmhainní ó Choireacht, Costais & Táillí Abhcóidí a chomhtháit sa chóras nua.

2.16 Le linn na bliana cuireadh tús leis an Modúl Gabhála Táillí den Chóras nua um Rianú Cásanna, Bainistíochta Cáipéise agus Comhad a fheidhmiú agus a thástáil. Tiocfaidh sé seo

in ionad an chórais aonair atá ann a bhfuil a dheireadh ré tagtha. Faoi gcóras nua féadfar costais dlí a rianú chuig cásanna aonair. Cuirfidh an córas freisin le héifeachtacht agus cruinneas mar nach gcaithfear taifead de láimh a dhéanamh ná mionsonraí achoimre a chur isteach an athuair ar 7,000 láithriú cúirte sa bhliain. Luífidh an córas go réidh le córais chuntasaíochta na hOifige. Tugadh faoi obair ullmhúcháin agus tástála freisin i 2008 chun uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras cuntasaíochta sin.

- 2.17** Tá an Oifig fós ag gluaiseacht i dtreo ríomhaistriú airgid mar an gnáthbhealach le híocaíocht a dhéanamh. I 2008 íocadh 80% dár ngnáthsoláthróirí ar bhealaí leictreonacha. Chuir sé sin go mór le héifeachtacht agus le slándáil na n-íocaíochtaí.
- 2.18** Chuir an Oifig a Ráiteas Aschuir Vóta do 2008 i láthair an Choiste Dála um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí. Príomhghné de na bearta leasaithe um Buiséad agus Meastacháin a d'fhógair an tAire Airgeadais i 2006 is ea an ráiteas. Déantar nasc faoi idir príomhaschuir agus tionchair straitéiseacha agus acmhainní airgeadais agus foirne don bhliain. Tá cóip den Ráiteas Achuir le hAguisín II den tuarascáil seo.
- 2.19** I 2008 dhírigh an tAonad Acmhainní Daonna go mór ar roghnú agus ar earcú foirne. Rinneadh earcú go luath i 2008 ar dhaoine le líon na bpost breise a ceadaíodh don Oifig le linn 2007 a líonadh agus líonadh an chuid eile le hathrú foirne.
- 2.20** Bhí an tsamhail chomhtháite den Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) ag obair go hiomlán le linn 2008. Déanann an córas comhtháthú ar phróisis mheasúnaithe ar mhaithe le faomhadh incrimintí, sannadh scálaí níos airde agus ardú céime. Chuir an córas deis ar fáil do bhainisteoirí agus don fhoireann araon feidhmíocht a mheas in aghaidh spriocanna comhaontaithe agus cinntíodh forbairt foirne tríd meantóireacht agus cláir oiliúna struchtúrtha.

Timpeallacht Dlí

- 2.21** Fáiltíodh roimh bhunú Aonad um Beartas Ionchúisimh laistigh den Oifig ag tús 2008. Bunaíodh an t-aonad chun féachaint ar shaincheisteanna beartais fhadtéarmacha; le bainistiú a dhéanamh ar fhreagraí ar mholtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le beartas ceartais choiriúil; chun dul i ngleic le nithe mar treoirlinnte agus caighdeáin ionchúiseamh; agus chun moltaí agus fhorbairt agus a fheidhmiú a chuideodh lena chinntiú go mbeadh cur chuige comhleanúnach ag aturnaetha agus ag abhcóidí a bheadh ag cur cásanna i láthair thar ceann na hOifige maidir le cinntí ionchúisimh. Ceapadh Ceann an Aonaid Bheartais ag deireadh 2007 agus chuir an tAonad tús lena chuid oibre in Eanáir 2008. Earcaíodh Leas-Cheann an Aonaid agus Taighdeoir Dlí le linn 2008. Tá obair an aonaid ó bunaíodh é agus na tionscadail beartais sonracha ar tugadh fúthu leagtha amach go sonrach i gCaibidil 4 den tuarascáil seo.
- 2.22** Chun caighdeáin a chothabháil in ionchúisimh phoiblí ní mór don Oifig a chinntiú go mbíonn tuiscint chuimsitheach ag baill foirne ghairmiúla ar an dlí agus an comhthéacs ina bhfeidhmíonn sé. Déanann Grúpa Stiúrtha Oiliúna Dlí na hOifige maoirsiú ar oiliúint forbartha dlí do bhaill foirne ghairmiúla. Den €485,659 (3.74% de chostais phárola) a hinfheistíodh in oiliúint agus i bhforbairt foirne i 2008, caitheadh €117,323 go sonrach



Glacann foireann dlí ó Rannán na nAturnaetha páirt i dtriail bhréige le linn an tseisiúin oiliúna abhcóideachta i Lúnasa 2008.

ar oiliúint dlí a sholáthar. Áirítear air seo Ardchúrsaí Abhcóideachta d'aturnaetha i Rannán Aturnaetha na hOifige a dhéanann ionadaíocht ar an Stiúrthóir sna cúirteanna coiriúla i mBaile Átha Cliath. Áirítear air freisin freastal ar chomhdhálaacha agus ar sheimineáir dlí choiriúil do bhaill foirne dlí a chaithfidh iad féin a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí i dtimpeallacht dlí a bhíonn ag síorathrú, ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- 2.23** Lean an tAonad Leabharlainne agus Taighde ag seachadadh seirbhís fhaisnéise ar ardchaighdeán ar bhealach tráthúil agus éifeachtach atá leagtha amach chun freastal ar riachtanais fhaisnéise agus fhios gnó na hOifige. Chuir an tAonad faisnéis dlí cothrom le dáta ar fáil trí chóras bainistíochta na leabharlainne, tríd an gcartlann dhigiteach agus trí raon d'acmhainní leictreonacha chuimsitheach agus ag an am céanna rinne an tAonadh cothabháil ar bhailiúchán fisiciúil irisí agus leabhar agus chuir sé leo. Bhain an fhoireann tairbhe freisin

as an tseirbhís taighde fhreasaitheach chomh maith le tuarascálacha ar chinntí tábhachtacha a déanadh sna cúirteanna. Cuireadh rochtain níos fearr ar fáil d'aturnaetha stáit áitiúla ag leibhéal náisiúnta ar acmhainní leabharlainne.

Rialachas

- 2.24** Leanann an Oifig ag cur faisnéise ar fáil ar obair na hOifige trí fhoilsiú Tuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise, Treoirínte d'Ionchúisitheoirí agus leabhráin fhaisnéise. Cuirtear réimse faisnéise ar fáil don phobal go ginearálta freisin ar láithreán gréasáin na hOifige.
- 2.25** Tá Coiste Iniúchta ar bun ag an Oifig, atá comhdhéanta de phríomhchomhaltaí foirne ón Oifig agus roinnt comhaltaí seachtracha, duine acu sin is ea an cathaoirleach. Tá sé de dhualgas ar an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais laistigh den Oifig. Aithníonn an Oifig go bhfuil gá go



Ó chlé: Sinéad O'Gorman, Leabharlannaí; Séamus Cassidy, Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha; Claire Loftus, Príomhaturnae Ionchúisimh; James Hamilton, An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, Claire Galligan, Rannóg na Cúirte Dúiche; Barry Donoghue, An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a tógadh ag Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit in Eanáir 2008.

mbeadh gné d'athbhreithniú seachtrach ag baint leis na córais a oibríonn sí ionas go mbeadh muinín ag an bpobal sna seirbhísí a sholáthraíonn an Oifig. Gné thábhachtach de chórais rialaithe inmheánaigh na hOifige is ea iniúchadh inmheánach.

- 2.26** Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste Iníuchta le linn na bliana agus chuir an Coiste tuarascálcha ar Phárolla agus ar Sheirbhísí Abhcóidí a Sholáthar ar fáil. Rinne beirt ionadaithe ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste freastal ar cheann de na cruinnithe. Cuireadh an dá thuarascáil faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Cuirtear ar an eolas an coiste ag gach cruinniú faoi aon dul chun cinn i dtaobh Bhainistiú Rioscaí.

- 2.27** I Meitheamh 2008 chuir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tuarascáil ar aghaidh chuig Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse inar leagadh amach an dul chun cinn atá déanta ag an Oifig maidir le maith a dhéanamh de na geallúintí a tugadh faoin gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta I dTreo 2016.

- 2.28** Tháinig deireadh le scéim trí bliana Gaeilge 2005-2008 an Oifig an 30 Meitheamh 2008. I dtuarascáil a cuireadh chuig an Stiúrthóir i Meán Fómhair 2008 rinne An Coimisinéir Teanga measúnú ar chomh maith is a d'éirigh linn an Scéim a chomhlíonadh thar an tréimhse trí bliana. Socraíodh sa tuarascáil:

“Is léir ón eolas a cuireadh ar fáil dúinn go bhfuil obair thairbhreach leanúnach ar siúl ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dtaobh an scéim teanga a fheidhmiú. Ní mór aitheantas a thabhairt don phrótacál Gaeilge áta á fheidhmiú san Oifig chomh maith le ról an Oifigigh Ghaeilge. Tá roinnt gealltanais ann nár fheidhmigh an Oifig agus maidir leis na cinn nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán cuireadh in iúl dúinn go ndéanfaí sin laistigh de thréimhse ghearr ama. Tá gach cosúlacht ann go bhfuil ról gníomhach monatóireachta agus feidhmithe ar siúl ag an Aonad Cumarsáide agus Forbartha maidir le feidhmiú na scéime.”



An Coimisinéir Fachtna Murphy, An Garda Síochána in éineacht le Paul Anthony McDermott BL, An Leabharlann Dlí ag an 9ú Comhdháil Náisiúnta Bliantúil d'Ionchúisitheoirí i mBealtaine 2008.

Caidreamh le gníomhaireachtaí eile

- 2.29** Gné thábhachtach d'obair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí is ea caidreamh le gníomhaireachtaí eile sa chóras dlí choiriúil. Meastar é a bheith riachtanach go leanfadh an Oifig ag forbairt tionscnamh chun cur leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil do ghrúpaí geallshealbhóirí ar leith.
- 2.30** Mar thoradh ar chomhchomhairliúcháin leanúnacha idir an Oifig seo agus Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána shínigh Stiúrthóir agus Cathaoirleach an Choimisiúin prótacál an 16 Aibreán 2008. Faoi Acht an Gharda Síochána 2005 má dhéantar gearán le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána maidir le hiompar chomhalta den Gharda Síochána ní féidir ach leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an comhalta a chúiseamh i gcion a bhaineann leis an iompar sin nó é a chúiseamh le cead ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Leagtar amach sa phrótacál na freagrachtaí atá ar an imscrúdaitheoir agus ar an ionchúisitheoir agus féachtar sruthlíniú a dhéanamh ar sheachadadh seirbhíse idir an dá eagraíocht.
- 2.31** In Eanáir 2008 d'eagraigh an Oifig seo Seimineár Bliantúil d'Aturnaetha Stáit i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ba é seo an chéad seimineár a reachtáladh ó aistríodh freagracht na Seirbhíse Aturnaetha Stáit ón Ard-Aighne chuig an Stiúrthóir i mBealtaine 2007. Ba deis

thráthúil a bhí sa seimineár don Oifig le cur i láthair a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhfuil leas ar leith ag aturnaetha stáit iontu. Rinne baill foirne as an Oifig seo cur i láthair ar shaincheisteanna praiticiúla a bhain le hathbhreithniú breithiúnach ar imeachtaí; nochtadh; dlí na hÉireann ar an ngréasán; forbairtí dlí le déanaí; agus alt 49 ionchúisimh faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre. Chuir an seimineár fóram ar fáil don bhaill foirne san Oifig seo bualadh le baill ón tseirbhís aturnaetha stáit ar fud na tíre.

2.32 Reachtáil an Oifig an 9ú Comhdháil Náisiúnta Bhliantúil d'ionchúisitheoirí an 24 Bealtaine 2008. Bhí 240 tosaice i láthair ag an gcomhdháil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath lena n-áirítear abhcóidí ionchúisimh; aturnaetha stáit áitiúla; breithiúna; comhaltaí ón nGarda Síochána; ionadaithe ó ghíomhaireachtaí imscrúduithe speisialta; baill foirne ón Oifig seo; chomh maith le daoine eile a bhfuil

baint acu leis an gcóras dlí choiriúil. Dhírigh an chomhdháil ar roinnt ábhar tráthúil. Áirítear orthu sin Imscrúduithe Faoi Cheilt & Cearta Daonna (Paul Anthony McDermott, BL); Saincheisteanna a bhaineann le Próifiliú DNA (An Dr Maureen Smyth, Saotharlann Dlí-Eolaíochta); Athbhreithniú ar Chinntí Ionchúisimh (Mícheál P. O'Higgins, BL); agus Pianbhreith & an tIonchúisitheoir (Tom O'Malley, BL). Chuir an chomhdháil deis ríluachmhar ar fáil dóibh sin atá sa chóras dlí choiriúil bualadh le chéile chun plé a dhéanamh ar fhorbairtí reatha dlí agus ar shaincheisteanna a bhfuil leas acu ann. Tháinig lucht dlí, lucht liachta agus daoine gairmiúla eile a oibríonn sa réimse maidir le cosaint leanaí le chéile ag an gcomhdháil.

2.33 An 22 Samhain reachtáil Oifig an DPP comhdháil i gcomhar le hAonad Naomh Clár, Ospidéal Ollscoile na Leanaí, Sráid Temple agus Aonad Naomh Louise, Ospidéal Naomh Muire



An painéal cainteoirí ag seisiún fóraim oscailte na comhdhála 'Leanaí i Saol an Duine Fásta II: Guth an Linbh – Ar Lár san Aistriúchán?' a reachtáladh i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 22 Samhain 2008.

um Leanaí Breoite, Cromghlinn. Ba é téama na comhdhála Leanaí i Saol an Duine Fásta II; Guth an Linbh – Ar lár san Aistriúchán? Ba é seo an dara comhdháil i gcomhar – an chéad cheann i Samhain 2004. Déanadh athbhreithniú sa chomhdháil leantach seo ar a bhfuil tarlaithe ó 2004 agus féachadh ar bhearta breise agus ar fhorbairtí atá b'fhéidir de dhíth laistigh den chóras dlí choiriúil chun feabhas a chur ar an toradh do leanaí agus dá dteaghlach.

2.34 Is é Barry Andrews TD, Aire Stáit ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, a sheol an chomhdháil agus rinne an An Breitheamh John Gillen as Tuaisceart Éireann cathaoirleacht uirthi. Derek Ogg QC, Depute Abhcóide Sinsearach in Oifig Corónacha na hAlban, a thug príomhóráid na comdhála. Rinne Úna Ní Raifeartaigh BL, An Leabharlann Dlí agus Rhonda Turner, Príomhshiceolaí in Aonad Louise cur i láthair i gcomhar ar an ábhar leanaí ina n-íospartaigh sa chóras dlí choiriúil. Labhair Joyce Plotnikof, comhairleoir neamhspleách as an UK ar an úsáid a bhaintear as idirghabhálaithe i bhfianaise leanaí. Rinne an Dr. Teresa Burke, Léachtóir Sinsearach in Roinn na Siceolaíochta i UCD, cur i láthair ar an bhfianaise is fearr a bhaint as saineolaithe agus labhair an tOnórach Breitheamh Catherine McGuinness, Uachtarán ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar an áit atá ag fianaise tionchair íospartaigh sa phróiseas trialach.

2.35 Ba léir go raibh suim mhór sa réimse seo i measc lucht cúraim sláinte agus lucht dlí agus hardaíodh roinnt mhaith ceisteanna agus breithnithe ó rannpháirtithe le linn an tseisiúin cheisteanna agus fhreagraí. Leanfaidh an Oifig leis an idirchaidreamh le hAonaid Ospidéal, leis na na Gardaí agus le páirtithe leasmhara eile ar an gceist seo.

2.36 Comhaltaí den Gharda Síochána a chuireann formhór na gcomhad ionchúisimh ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Ní mór mar sin na Gardaí a choinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí dlí a tharlódh maidir le hionchúiseamh cionta coiriúla. Oibríonn an Oifig seo agus an Garda Síochána go dlúth le chéile ó thaobh forbairtí dlí agus le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú d'éascaíomar seisiún oiliúna do chomhaltaí an Gharda

Síochána as céimeanna éagsúla. Sna seisiúin díriodh ar Nós Imeachta Cúirte, Calaois agus Coigistiú Sócmhainní.

2.37 Bíonn an Oifig rannpháirteach in oiliúint a chur ar thriúr aturnae faoi oiliúint agus le linn 2008 chuir baill foirne oiliúint ar aturnae faoi oiliúint ar na cúrsaí praiticiúla gairmiúla i nDlí-Chumann na hÉireann i réimsí lena n-áirítear Scileanna Abhcóideachta Coiriúil, Achomhairc agus Athbhreithniú Breithniúnach. Reachtálamar freisin intéirneacht do mhic léinn dlí, ag cur deis ar fáil dóibh blaiseadh a fháil den dlí ag obair agus léargas ar leith a fháil ar obair na hOifige. Le linn 2008 d'éascaigh an Oifig mic léinn as Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

2.38 Leanann an Oifig a bheith rannpháirteach i ngrúpaí idir-ghníomhaireachtaí ar leith agus ag cur leo lena n-áirítear: An Coiste Comhairleach ar Dlí Coiriúil; Grúpa Idirchaidrimh an Gharda Síochána agus an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí; An Grúpa Comhairleach ar Chuireacht agus ar Staitisticí Dlí Choiriúil; An Grúpa Feidhme maidir le hAgallamh ar Fhístéip i gcás Finné Linbh, Grúpaí Úsáideoirí éagsúla de chuid na Seirbhíse Cúirteanna; Grúpa Idirghníomhaireachta maidir le Ceartas Aisiríoch; Grúpa Comhairle an Tionscnaimh Idirrialtas maidir le Cúnamh Taca d'Íospartaigh; Grúpa Stiúrtha an Achta um Cheartas Coiriúil; agus Grúpa Comhordaithe Úsáideoirí na gCúirteanna Breithiúnais Coiriúla.

2.39 Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú lean Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag cur le forbairt an dlí choiriúil ag leibhéal idirnáisiúnta agus bhí rannpháirteach i roinnt tionscnamh a raibh baint ag eagraíochtaí idirnáisiúnta leo. Leanamar freisin ag cur le hobair comhlachtaí agus eagraíochtaí idir náisiúnta lena n-áirítear: EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; agus International Bar Association.

2.40 I Feabhra agus in Aibreán 2008 faoi seach d'ullmhaigh an Stiúrthóir tuairimí do Choimisiún na Veinése agus do Rannán Dlí Reachtaíochta Chomhairle na hEorpa ar thrí dhréacht dhlí a bhain le córas breithiúnach



Comhaltaí ó Chumann Ionchúisitheoirí Póilíní na hIorua in éineacht leis an Stiúrthóir (ar chlé) agus Peter McCormick, Oifigeach Gairmiúil, Rannán Stiúrtha (ar dtús ar dheis) le linn cuairte chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go luath i mí na Nollag 2008.

na Seirbia agus ina dhiaidh sin tuairim ar dhréacht dlí ar an tSeirbhís Ionchúisimh Phoiblí sa Mholdóiv.

2.41 Tugadh cuireadh don stiúrthóir a bheith rannpháirteach sa chéad phlé comhchéime ag cruinniú an tSainghrúpa de Bhainse Cosc ar Sceimhlitheoireacht Oifig na Náisiún Aontaithe ar Dhrugaí agus Coireacht (UNODC). Tháinig an sainghrúpa de bhreithiúna agus d'ionchúisitheoirí seo le chéile chun dréachtlámhleabhar de dea-chleachtais a bhunú maidir le cásanna sceimhlitheoireachta agus chun díolaim breithiniúna maidir leis an réimse sin dlí a chur le chéile.

2.42 I gcomhar le Seirbhís Ionchúisimh Phoiblí Thuaisceart Éireann rinne an Oifig seo iarratas ar mhaoiniú ar an gCoimisiún Eorpach le comhdháil a reachtáil i gcomhar ar Chaolaois, ar Chaimiléireacht agus Leasa Airgeadais an Aontais Eorpaigh. D'éirigh leis an iarratas agus dheimhnigh OLAF (An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise) go raibh an deontas ceadaithe i mí Iúil 2008. Reachtáladh an chomhdháil i mBaile Átha Cliath i Márta 2009 agus d'fhreastail ionaduithe as 25 tír Eorpach uirthi.

Aithníodh na réimsí atá ag déanamh imní do na rannpháirte sa chath i gcoinne calaois trasnáisiúnta agus d'éascaigh an chomhdháil malartú faisnéise agus taithí sa réimse dea-chleachtais.

2.43 Chuidigh ionadaithe as an Oifig seo le Coiste Géilliúntais na nOifigeach Sinsearach nuair a bhí siad ag ullmhú don scrúdú OECD (Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta) ar struchtúr na hÉireann in aghaidh caimiléireachta. Thug ionadaithe ón OECD chomh maith le scrúdaitheoirí as an Eastóin agus as an Nua Shéalainn cuairt ar Éirinn i Meitheamh 2008. Déanadh ionadaíocht ar an Oifig freisin ar ghrúpa oibre OECD i bPáras 2008 chun plé a dhéanamh ar chaimiléireacht ar scála domhanda.

2.44 Iarradh ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionadaí a chur ar fáil chun a bheith rannpháirteach ag suí iomlánach de GRECO (Grúpa Stát In Aghaidh an Éillithe Chomhairle na hEorpa) chun géilliúntas na Seirbia maidir leis an 1ú agus 2ú tuarascáil ar chaimiléireacht sa tSeirbia a mheas. Reachtáladh an suí i Meitheamh 2008.

- 2.45** Bhí an Oifig seo rannpháirteach freisin in eagrú an 22ú Comhdháil Idirnáisiúnta an Chumainn Idirnáisiúnta um Athchróiriú an Dlí Choiriúil (ISRCL). Cumann idirnáisiúnta neamh-rialtas é an cumann seo a bhfuil breithimh, lucht reachtaíochta, aturnaetha, lucht léinn agus oifigigh rialtais páirteach a thagann le chéile chun obair ghníomhach a dhéanamh ar riaradh an dlí choiriúil ina ndlínse féin agus go hidirnáisiúnta. Ba é téama an comhdhála ná Códú a dhéanamh ar an Dlí Choiriúil: Tioncnaimh Chomhaimseartha. I gCaisleán Bhaile Átha Cliath a reachtáladh an chomhdháil i mí Iúil 2008 agus rinne breis is 200 toscaire ó gach cearn den domhan freastal ar an imeacht.
- 2.46** Thug ochtar ionadaí as Oifig Phríomh-ionchúisitheoir Phoblacht na Moldóive chomh maith le triúr ionadaí as Comhairle na hEorpa cuairt-staidéir ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Meitheamh 2008 a d’eagraigh Comhairle na hEorpa i gcomhar leis an Oifig seo agus le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.
- 2.47** Thug Comhaltaí de Chumann Ionchúisitheoirí Póilíní as an Iorua cuairt ar an Oifig i mí na Nollag 2008. Ba é cuspóir na cuairte ná foghlaim faoi gcath i gcoinne na coireachta in Éirinn agus tuiscint a fháil ar an tslí a bhféadfaí sin a chur i gcosúlacht le próisis na hIorua. Rinne baill foirne na hOifige seo cur i láthair ar obair na hOifige agus an ról atá aici i gCóras Dlí Choiriúil na hÉireann.

3 FORBAIRTÍ DLÍTHIÚLA 2008

3.1 Is é cuspóir na caibidle seo ná athbhreithniú gearr a dhéanamh ar roinnt de na cinntí agus na forbartí is tábhachtaí nó is suimiúla i réimse an dlí choiriúil i 2008.

3.2 Mar a déanadh blianta roimhe seo, roghnaíodh na cásanna chun léiriú a thabhairt ar na saincheistanna dlí a thagann chun cinn i réimse an dlí choiriúil. Níl sé i gceist go dtabharfadh an chaibidil seo athbhreithniú cuimsitheach ar gach forbairt a tharla i ndlí choiriúil le linn na bliana.

ATHBHREITHNIÚ AR CHINNEADH IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH

3.3 Mar ann do gach céim den phróiseas coiriúil ní mór aird a thabhairt ar na riachtanais reachtúla a bhaineann le nósanna imeachta cóir nuair a bhíonn an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh á ghlacadh. Chinn an Chúirt Uachtarach an méid sin i gcás *Eviston v. Director of Public Prosecutions* [2002] 3 IR 260. Ba é breith na Cúirte freisin go raibh sé ar shainchumas an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí cinneadh a fhreaschur. Tháinig an arís sa dá chás seo a leanas:

3.4 I gcás *Carlin v. Director of Public Prosecutions*, [2008] IEHC, d'fhéach an t-iarratasóir le ordú toirmisc a fháil in aghaidh a thrialach ar chúisimh ionsaithe. Deir sé gur dhúirt na Gardaí leis roimhe sin gur shocraigh An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan leanúint len é a ionchúiseamh. Deir sé, de réir nós imeachta cóir, nach bhféadfadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí dul siar ar an gcinneadh sin anois. Dhiúltaigh an tArd-Chúirt toirmeasc a chur ar é a ionchúiseamh agus rialaíodh nár éirigh leis a chruthú go raibh baol dáiríre ná tromchúiseach ann nach dtrialfí é go cóir.

3.5 I gcás *E.M. v. Director of Public Prosecutions* [2008] IEHC, cúisíodh an t-iarratasóir in dhá chúis ionsaithe gnéis a líomhnaíodh a tharla idir Eanáir 1994 agus Nollaig 1997. Dúirt na Gardaí leis in Aibreán 2006 go raibh sé socraithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan é a ionchúiseamh. Rinneadh athbhreithniú ar an gcinneadh agus déanadh toghairmeacha ina raibh na líomhaintí tugtha a sheirbheáil air i Meitheamh 2006. D'fhéach sé ansin le cead a fháil ón Ard-Chúirt iarratas a dhéanamh ar urghaire le cosc a chur ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí leanúint leis an ionchúiseamh. Chuir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar aghaidh go raibh an nós imeachta athbhreithnithe ann agus i measc an phobail ó foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1998 faoin gceannteideal "Athbhreithniú ar Chinntí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí". Ba é breith na hArd-Chúirte gur bhain an rialú dlí gur féidir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú a dhéanamh leis an gcinneadh i gcás *Eviston* dá dtagraítear dó thuas. Dá bhrí sin tá de réir an dlí anois gur féidir athbhreithniú den chineál sin tarlú agus measadh go raibh an t-iarratasóir ar an eolas faoi sin. Thug an Chúirt ar aird freisin gur admhaigh an t-iarratasóir sa chás seo go raibh sé ciontach.

FIANAISE

3.6 Sna cásanna seo a leanas rinneadh iniúchadh ar thógáil samplaí dlí-eolaíochta ón té a mbeadh amhras faoi agus ar úsáid teastas anailíse i gcás cionta drugaí

Fianaise DNA & an tAcht Fianaise Dlí- Eolaíochta 1990

3.7 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Boyce* [2008] IESC 62 ba é breith na Cúirt-Uachtaraí nár chuir an tAcht Fianaise Dlí-Eolaíochta

1990 cosc ar fheidhmíocht leanúnach an chórais neamh-reachtúil go n-iarrfaí go dtabharfaí samplaí DNA go deonach. De bhun Alt 29 d'Acht Cúirteanna Breithiúnais 1924 bhreithnigh an Chúirt Uachtarach an pointe dlí seo a leanas: "de réir an dlí an féidir le comhalta den Gharda Síochána nuair atá sé nó sí ag glacadh sampla fola ó dhuine atá faoi choimeád is a shocraíonn an sampla sin a thabhairt go deonach chun críche anailíse dlí-eolaíochta, sin a dhéanamh gan leas a bhaint as forálacha Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil (Fianaise Dlí-Eolaíochta) 1990? Rialaigh an Chúirt Uachtarach go raibh sé de réir an dlí. Tá cumhacht faoin dlí-coiteann ag an nGarda Síochána samplaí a ghlacadh do thástáil dlí-eolaíochta nuair a thugann an té atá faoi choinneáil an sampla sin go deonach nó le cead an té sin.

Úsáid Teastas Anailíse i gCásanna Drugaí

- 3.8** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Omotoya Bakara*, nár tuairiscíodh air, san Ard-Chúirt 20 Meán Fómhair 2008 ciontaíodh an t-iarratasóir sa Chúirt Dúiche as seilbh a bheith aige ar shubstaint rialaithe a sháraíonn alt 3 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977 arna leasú. Rinne sé achomharc ansin ar an gciontú sa Chúirt Chuarda. Tugadh teastas dó de bhun alt 10 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1984. Dúradh ar an teastas gurb í an tsubstaint a fuair na Gardaí ina sheilbh ná cannabas. Is gnách le taobh an ionchúisimh na teastais seo a roinnt sa chúirt lena chruthú gur drugaí rialaithe a fuarthas i seilbh an chúisí. Mar thoradh ar na teastais ní bhíonn gá do thaobh an ionchúisimh glaoch ar fhinné ón Saotharlann Dlí-Eolaíochta i ngach cás. Dhiúltaigh taobh an ionchúisimh a iarratas cros-cheistiú a dhéanamh ar an eolaí dlí-eolaíochta a d'ullmhaigh an teastas. Ansin thionscnaigh an t-iarratasóir athbhreithniú breithiúnach féachaint le hordú a fháil ón Ard-Chúirt ag teorú do thaobh an ionchúisimh an t-eolaí dlí-eolaíochta a chur ar fáil. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an faoiseamh a éilíodh agus rialaigh gur de chineál eolaíochta é teastas a chaithfidh a bheith freagrach do chruthú prima facie trí theastasú.

COIMEÁD FIANAISE

- 3.9** Uaireanta, ní bhfaighidh agus/ná ní choinneoidh an Garda Síochána fianaise físe de choir a bheith á déanamh, nó tabharfaidh siad ar ais don úinéir an carr a bhí páirteach san eachtra as a n-eascaíonn na cúisimh, sula mbeidh deis ag taobh na Cosanta é a scrúdú ar bhonn gairmiúil. D'fhéadfadh, mar thoradh air sin, go ndéanadh an cúisí imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh lena thriail a thoirmeasc ar an mbonn go bhfuil fianaise ábhartha dá chosaint ar iarraidh. I gcásdlí de chuid na Cúirte Uachtaraí le déanaí, spreagtar gan dul i mbun athbhreithnithe bhreithiúnaigh sna himthosca sin ar an mbonn gur féidir déileáil le cúis ghearáin an iarratasóra i gcúirt na trialach.

- 3.10** Sa chás *Savage v. Director of Public Prosecutions* [2008] IESC 39, rinne an t-achomharcóir achomharc in aghaidh ordú Ard-Chúirte lenar diúltaíodh ordú a dheonú air lena thriail, ar chúisimh úsáid neamhúdaraíthe a bhaint as mótarfheithicil agus tiomáint chontúirteach is trúig mhórdhiobhála, a thoirmeasc. Bhí sé ag iarraidh go ndéanfaí a thriail a thoirmeasc ar an mbonn gur mhainnigh an Garda Síochána an fheithicil a choimeád le go ndéanadh sé iniúchadh uirthi. Líomhnaigh an Garda Síochána go bhfaca siad é ag tiomáint ag ardluas sular thuairteáil sé. Rinneadh iniúchadh Feithicle Seirbhíse Poiblí sular scríosadh í agus dhearbhaigh an Cigire PSV go raibh an fheithicil lochtach go baolach i dtéarmaí coscánaithe agus crochta. Rinneadh an t-achomharc a dhíbhe sa Chúirt Uachtarach le cinneadh gur mhainnigh an t-iarratasóir a chur ina luí ar an gCúirt go leanfadh triail mhíchóir as cailliúint na feithicle. I gcúrsa a breithiúnais, mhol Denham J. gur sár-chleachtas a bheadh ann dá ndéanadh an Garda Síochána Fógra rúin go bhfuiltear chun feithicil a scríosadh a sheirbheáil ar chúisí nó ar dhuine a d'fhéadfadh a bheith ina chúisí. Le Fógra den sórt sin, chuirfí duine san airdeall maidir leis an gcás agus thabharfaí am dóibh an carr a scrúdú dá mba mhian leo. Ba chóir don Gharda Síochána dul i mbun an nós imeachta céanna i ndáil le haon fhianaise a smaoiníonn siad a thabhairt ar ais don úinéir.

MOILL

3.11 D'fhéadfadh go mbeadh baol ann go mbeadh triail míchóir le himeacht ama idir an tráth a dhéantar coir agus an tráth a dhéantar an choir sin a ionchúiseamh. D'fhéadfadh finnétithe a bheith básaithe, d'fhéadfadh nach mbeadh ar chumas finnétithe fianaise a thabhairt mar gheall ar sheanaois nó breoiteacht, nó nach mbeadh cuimhne acu ar a bhfianaise. D'fhéadfadh nach mbeadh an cosantóir in ann fianaise a fháil a d'fhéadfadh cuidiú leis an gcás cosanta, ar nós tacaíocht d'ailibí. Le roinnt blianta anuas, leagadh amach na prionsabail atá le cur i bhfeidhm agus na tionchair a bhíonn ag moill ar chearta cúisí á mbreithniú i roinnt breithiúnas maidir le moill. Scrúdaiodh an tsaincheist i ndáil le moill i gcásanna arna n-ionchúiseamh ar díotáil agus i gcásanna arna n-ionchúiseamh go hachomair sna cásanna Cúirte Uachtaraí seo a leanas.

Moill agus Ionchúisimh ar Díotáil

3.12 In *McFarlane v. Director of Public Prosecutions* [2008] 4 I.R. 117, bhí an t-iarratasóir ag iarraidh a thriail a thoirmeasc de bhonn moille mar gheall ar mhoill ionchúiseach nó córasach líomhnaithe. Cúisíodh é sa bhliain 1998 i ndáil le cionta a líomhnaiodh go ndearna sé sa bhliain 1983. Rinne sé imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh sa bhliain 1999 ag lorg ordú toirmisc de bhonn moille. Chaill sé an cás sa bhliain 2006 agus ansin rinne sé an dara sraith d'imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a thionscnamh lena ndearnadh argóint gur sárú ar a cheart ar thriail chóir a fháil a bhí sa mhoill a bhí i gceist maidir leis na chéad imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh a shocrú. Diúltaíodh dá iarratas sa Chúirt Uachtarach agus cinneadh gurb iad seo a leanas na trialacha nó na fachtóirí atá le cur i bhfeidhm agus é á bhreithniú an sáraíodh sceart an iarratasóra ar thriail ghasa: (1) fad na moille, (2) na nithe is cúis leis an moill, (3) ról an iarratasóra agus (4) aon dochar a rinneadh.

Moill agus Ionchúisimh Achoimre

3.13 Sna cásanna maidir leis *Director of Public Prosecutions v. Cormack* agus *Director of Public Prosecutions v. Farrell* [2008] IESC 63,

breithníodh an cheist maidir le moill arís sa Chúirt Uachtarach. Rinneadh na cásanna a éisteacht le chéile sa Chúirt Uachtarach.

3.14 I gcás *Farrell*, bhí an t-iarratasóir ag iarraidh a ionchúiseamh i ndáil le cionta achoimre a thoirmeasc ar bhonn moille. D'éiligh sé go raibh moill 17 mí i gceist lena ionchúiseamh. Rinneadh a iarratas a dhíbhe sa Chúirt Uachtarach agus ordaíodh gur chóir leanúint ar aghaidh lena ionchúiseamh. Cinneadh sa Chúirt go raibh beagán moille i gceist ach nach moill mhór a bhí gceist. Cinneadh sa Chúirt freisin go raibh roinnt freagrachta le glacadh ag an achomharcóir as cuid den mhoill.

3.15 I gcás *Cormack*, bhí an t-iarratasóir ag iarraidh a ionchúiseamh i ndáil le cionta achoimre a thoirmeasc ar bhonn moille. D'éiligh sé go raibh moill dhá bhliain i gceist lena ionchúiseamh. Rinneadh a iarratas a dhíbhe sa Chúirt Uachtarach agus ordaíodh gur chóir leanúint ar aghaidh lena ionchúiseamh. Cinneadh sa Chúirt nach raibh an tréimhse moille mar a dhóthain de chúis le hordú toirmisc a dhéanamh ar an mbonn gur mhaínnigh an t-achomharcóir aon imthosca dochair de bhun moille a léiriú agus nach raibh sé in ann aon fhíorghné de strus ná imní bhreise mar thoradh ar an moill a léiriú.

NOCHTADH

3.16 Tá dualgas ar thaobh an ionchúisimh ábhar a nochtadh don chúisí a bhaineann lena chosaint. Tá an oibleagáid sin, ar ndóigh, faoi réir ag teorainneacha faoi leith mar ábharthacht an ábhair agus an bhfuil nó nach bhfuil an t-ábhar i seilbh iarbhír thaobh an ionchúisimh. Féachadh ar réimse an dualgais sin maidir le nochtadh sa dá chás seo a leanas:

Éisteachtaí um Nochtadh & Ábharthacht

3.17 Sá chás *Director of Public Prosecutions v. Mullane* [2008] IEHC 391, cúisíodh an cúisí i gcion maidir le luas. Sular thosaigh an triail, bhí a *Aturnae* ag lorg liosta fadréimseach doiciméad i ndáil leis an gcion. Bhí an liosta an-fhairsing agus chuimsigh sé 29 catagóir de dhoiciméid. Bhain an t-eolas a iarradh leis an gcóras próiseála maidir le fógraí muirir

sheasta idir uaslódáil eolais ó ríomhaire láimhe agus eisiúint an fhógra. Ghéill Breitheamh na Cúirte Dúiche don iarratas gan dul i mbun éisteachta “um ábharthacht”. Bhí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag iarraidh go ndéanfaí an t-ordú um nochtadh a neamhniú. Rinneadh an t-ordú a neamhniú san Ard-Chúirt leis an rialú nach léireofaí meas do choincheap na comhréireachta ná do leas an phobail san ábhar dá ndéanfaí ordú um nochtadh chomh forleathan sin a dheonú gan éisteacht um ábharthacht a réachtáil. Rinne an Ard-Chúirt an t-ábhar a tharchur ar ais chuig Breitheamh na Cúirte Dúiche lena chur ar a chumas éisteacht iomlán um ábharthacht a réachtáil.

Orduithe um Nochtadh Tríú Páirtí

- 3.18** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Tom O'Malley* [2008] IEHC 117, bhí an cúis ag feitheamh le triail sa Chúirt Dúiche agus é cúisithe i gcion maidir le bheith ag tiomáint faoi thionchar an óil. Rinne Breitheamh na Cúirte Dúiche a bhí ag éisteacht leis an gcás roinnt ceisteanna a tharchur chun na hArd-Chúirte faoin nós imeachta sonraithe cáis chomhairligh. Ceann de na ceisteanna a bhí le cinneadh ab ea an bhféadfadh nó nach bhféadfadh Breitheamh na Cúirte Dúiche ordú um nochtadh a dhéanamh in aghaidh tríú páirtí. Rinne an Breitheamh ordú a threoraigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre cóip de chód bogearraí an mheaisín a úsáideadh chun anáil an duine a gabhadh a thástáil le haghaidh alcóil a chur ar fáil. Is Lion Intoxilyzer a thugtar ar an meaisín sin. Cinneadh san Ard-Chúirt nach féidir ordú um nochtadh a dhéanamh in aghaidh tríú páirtí in imeachtaí coiriúla. Bhí an prionsabal sin bunaithe sa chás *Director of Public Prosecutions v. Sweeney* [2002] 1 IRLM 532.

TIOMÁINT FAOI THIONCHAR AN ÓIL

- 3.19** Ar bhonn na dtreoirleáirne arna n-eisiúint don Gharda Síochána ón Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, moltar go mbreathnófaí ar dhaoine a ghabhtar, ar feadh fiche nóiméad de ghnáth sula ndéanfaí an tástáil lena chinntiú nach n-íosfadh agus nach n-ólfadh siad aon rud. Rinneadh na hiarmhairtí

a bhaineann le breathnú ar dhuine cúisithe ar feadh tréimhse níos faide ná mar a mholtar a scrúdú sa chás seo a leanas:

An Tréimhse Breathnóireachta Fiche Nóiméad

- 3.20** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Robin Fox* [2008] IESC 45, d'éirigh leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina achomharc i bhfoirm cháis shonraithe in aghaidh chinneadh Bhreitheamh Cúirte Dúiche cúis maidir le tiomáint faoi thionchar an óil in aghaidh an chúisí a dhíbhe. Gabhadh an cúisí i ndáil le tiomáint faoi thionchar an óil. Tugadh chuig an stáisiún de chuid an Gharda Síochána é agus bhí Gardaí ag breathnú air ar feadh 27 nóiméad lena chinntiú nach n-íosfadh sé agus nach n-ólfadh sé aon rud sula n-iarrafaí air dhá shampla d'anáil a chur ar fáil. Fuarthas go raibh sé os cionn na teorann dlíthiúla agus rinneadh é a ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche i dtiomáint faoi thionchar an óil. Rinne Breitheamh na Cúirte Dúiche an chás a dhíbhe le rialú go ndearnadh sárú toiliúil ar chearta an chúisí de bhrí gur coinníodh é 7 nóiméad níos faide ná na 20 nóiméad a mholtar in imthosca nár insíodh don Chúirt Dúiche an chúis go raibh gá leis an tréimhse choinneála bhreise. Le ceadú achomharc an Stiúrthóra chun na Cúirte Uachtaraí, cinneadh nach raibh sa mhéid a tharla ach moill. Tugadh ar aird sa Chúirt Uachtarach go raibh an cúisí i stáisiún an Gharda Síochána ar feadh breis agus 2 uair an chloig agus nach bhfuil aon fhorálacha reachúla ann ina leagtar síos dian-teorainneacha ama maidir le breathnú ar phríosúnach a mbíonn amhras ina leith go raibh sé ag tiomáint faoi thionchar an óil. Rialaíodh gurbh í an cheist ba chearta a chur i ndáiríre ná an raibh an tréimhse moille (7 nóiméad) chomh neamhréasúnach sin agus go bhfágfaí an choinneáil neamhdhleathach in éagmais míniú oibiachtúil. Níor measadh go raibh an mhoill chomh tábhachtach sin sa chás sin.

EARRÁIDÍ I NDUILLEOGA NA GCÚISEAMH & I BHFÓGRAÍ MUIRIR SHEASTA

- 3.21** Bhí dhá chás ann inar féachadh ar na hiarmhairtí a bhain le hearráidí i nduilleog na gcúiseamh agus i bhfógraí muirir sheasta.

Earráidí i nDuilleog na gCúiseamh

3.22 Ba iarratas ó thaobh an ionchúisimh duilleog na gcúiseamh a leasú a bhí i gceist sa chás *John Connolly v. Director of Public Prosecutions*, neamhthuairiscithe, an Chúirt Uachtarach an 27 Meitheamh 2008. Ba chás comhairleach a sonraíodh ón gCúirt Dúiche a bhí sa chás sin. Cúisíodh an cúisí i gcion maidir le saothrú plandaí cannabais gan cheadúnas. Bhí sé le léamh ar an lua reachta i nduilleog na gcúiseamh contrártha d'ailt 17 agus 27 an Achta um Mí-Úsáid Drugaí 1977. Níor dearnadh aon tagairt i nduilleog na gcúiseamh go raibh alt 11 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1984 curtha in ionad alt 17. Rinne Breitheamh na Cúirte Dúiche an cúiseamh a dhíbhe le cinneadh nach raibh an cúiseamh bailí sa dlí mar gur mheas sé go raibh idirdhealú bunúsach idir alt leasaitheach agus alt ionaid. Ar achomharc ón Sitúrthóir Ionchúiseamh Poiblí chun na hArd-Chúirte i bhfoirm cháis shonraithe, cinneadh sa Chúirt, agus an chás *An Stát (Duggan) v. Evans*, 112 ILTR p.61 á fheidhmiú, go raibh Breitheamh na Cúirte Dúiche mícheart agus ordaíodh an chás a tharchur chun na Cúirte Dúiche. Rinne *Is gnách le taobh an ionchúisimh na teastais seo a roinnt sa chúirt lena chruthú gur drugaí rialaithe a fuarthas i seilbh an chúisí*. achomharc chun na Cúirte Uachtaraí ansin agus dearbhascaíodh rialú na hArd-Chúirte le breithiúnas ex-tempore sa Chúirt Uachtarach.

Earráidí i bhFógraí Muirir Sheasta

3.23 Sa chás *Director of Public Prosecutions v. O'Sullivan* [2008] IEHC 375, rinneadh na hiarmhairtí a bhain le 33 earráid i bhfógra muirir sheasta a scrúdú. Mhainnigh an cúisí fógra muirir sheasta maidir le cion luais a íoc agus ina dhiaidh sin fuair an cúisí toghairm maidir le luas. Nuair a tháinig sé os comhair Breitheamh na Cúirte Dúiche, d'éirigh leis lena argóint gur chóir a chás a dhíbhe. Bhí argóint aige go raibh 33 earráid san fhógra bunaidh agus nárbh é an fhoirm fhasaigh a d'úsáidtí de ghnáth a bhí ann. D'aighnigh sé do Bhreitheamh na Cúirte Dúiche nach raibh d'oibleagáid air an fhíneáil bhunaidh a íoc ós rud é go raibh 33 earráid san fhógra bunaidh. Fuair sé an toghairm nuair nár íoc sé an fhíneáil.

Chinn Breitheamh na Cúirte Dúiche go raibh an fógra lochtach agus rinne sé an toghairm a dhíbhe. Ar iarratas ón Sitúrthóir Ionchúiseamh Poiblí shonraigh Breitheamh na Cúirte Dúiche chás chun na hArd-Chúirte, áit a d'fhiafraigh sé an raibh sé ceart toghairm maidir le luas a dhíbhe de bhithín go raibh an fógra muirir sheasta bunaidh nár íoc an tUasal O'Sullivan lochtach. Freagraíodh an chás a sonraíodh san Ard-Chúirt le rialú nár chóir an toghairm a dhíbhe mar go raibh na hearráidí san fhógra muirir sheasta mionchúiseach agus ní raibh siad chomh bunúsach sin is go gcuirfí an cosantóir ar míthreoir.

ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

3.24 Tá iarratasóir ar chead le haghaidh athbhreithniú breithiúnach faoi oibleagáid na fórais ábhartha go léir ag an gcéim cheada a chur in iúl don Bhreitheamh ceada. Éilítear ar iarratasóir freisin an t-iarratas a dhéanamh laistigh de theorainneacha ama áirithe. Tháinig an dá shaincheist sin chun cinn sna cásanna seo a leanas:

Neamhnochtaidh Fíoras Ábhartha

3.25 Sa chás *Dean v. Director of Public Prosecutions* [2008] IEHC 87, diúltaíodh cead le haghaidh athbhreithniú breithiúnach ar bhonn neamhnochta fíoras ábhar don Ard-Chúirt. Bhí an t-iarratasóir ag iarraidh ordú lena thriail i gcionta tromchúiseacha faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 a thoirmeasc. Tharla sé nár tugadh ráitis a rinne sé le comhaltáí den Gharda Síochána, inar admhaigh sé dumpáil, ach ar shéan sé go raibh a fhios aige nach raibh an láithreán ceadúnaithe, ar aird an Bhreithimh nuair a rinneadh an t-iarratas tosaigh ar chead. Ag an éisteacht shubstainteach san Ard-Chúirt, diúltaíodh an faoiseamh a bhí á lorg ar bhonn neamhnochta eolais ábhartha don Chúirt nuair a rinneadh an t-iarratas tosaigh ar chead iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach. Dúirt an Breitheamh Hedigan, go raibh dualgas ar iarratasóir gníomhú de mheon lánmhacánta. Mar chuid den dualgas meoin mhacánta, ní mór d'iarratasóir ar chead le haghaidh athbhreithniú breithiúnach na fórais agus dlí ábhartha go léir a chur os comhair na Cúirte, fiú mura dtacóidh sé lena iarratas.

Sárú Teorainneacha Ama

- 3.26** Sa chás *AHP Manufacturing BV v. Director of Public Prosecutions* [2008] IEHC 144, d'éirigh leis an Stiúrthóir lena iarratas deonú cead a leaghaidh athbhreithniú breithiúnach a deonaíodh don iarratasóir a chur ar ceal. B'oibreoir saoráide táirgeachta cógaisíochta a bhí san iarratasóir. Dheonaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Ceadúnas um Rialú Comhtháite ar Thruailliú ar an tsaoráid in Eanáir na bliana 1997. Cúisíodh an chuideachta ina dhiaidh sin i roinnt cionta i ndáil le diúscairt dramhaíola. Líomhnaíodh gur sháraigh an chuideachta coinníollacha áirithe a bhí ag gabháil leis an gceadúnas. Bhí an chuideachta ag iarraidh an triail a thoirmeasc agus éileamh á dhéanamh go raibh na coinníollacha a bhí ag gabháil leis an gceadúnas a raibh na cúisimh mar thoradh orthu neamhbhailí agus neamhdhleathach. Diúltaíodh an faoiseamh a bhí á lorg san Ard-Chúirt agus cuireadh deonú an cheada ar ceal leis an rialú go raibh cosc ar an iarratasóir na himeachtaí sin maidir le hathbhreithniú breithiúnach a thionscnamh mar go raibh go leor blianta caite ón teorainn ama a leagtar síos le halt 87(10) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Leis an reachtaíocht sin, ordaíodh gur laistigh d'ocht seachtaine ó dheonú an cheadúnais í an teorainn ama iomchuí ina bhféadfadh agóid a dhéanamh i gcoinne ceadúnais agus i gcoinne coinníollacha a ghabhann leis i bhfoirm athbhreithnithe bhreithiúnaigh. Sa chás sin, deonaíodh an ceadúnas ar an gcuideachta is iarratasóir in Eanáir na bliana 1997 cé gur deonaíodh cead le haghaidh athbhreithniú breithiúnach in Eanáir na bliana 2007.

CION AN CHIAPHTHA

- 3.27** Rinneadh sainiú dlíthiúil an fhrása 'go rialta' i ndáil le cion an chiaptha faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine 1997 a scrúdú san Ard-Chúirt sa chás *Director of Public Prosecutions v. Lynch* [2008] IEHC 183 neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, an 5 Meitheamh 2008. Sa chás sin, cúisíodh an cúisí sa Chúirt Dúiche i gcion ciaptha contrártha d'alt 10 an Achta. D'admhaigh sé gur nocht sé é féin go míghéanach do pháistí óga sa

bhaile ar cheithre ócáid ar leithligh i gcúrsa iarnóna. Ba é an tsaincheist a bhí le cinneadh sa Chúirt Dúiche ná ar tháinig nó nár tháinig na ceithre eachtra de nochtadh míghéanach, a tharla laistigh d'achar ama réasúnta gearr dá chéile i gcúrsa iarnóna amháin, agus a tharla go gairid i ndiaidh a chéile, laistigh de chiall an fhrása "go rialta" chun críocha na reachtaíochta. Rinne Breitheamh na Cúirte Dúiche an chás a tharchur chun na hArd-Chúirte i bhfoirm cháis shonraithe. Cinneadh san Ard-Chúirt go rabhthas sásta go raibh an riachtanas do sheasmhacht á chomhlíonadh le heachtraí a bhí deighilte ag imeacht ama eatarthu mar a bhí sa chás os comhair na Cúirte agus le heachtraí ar féidir iad a théarbhú fiú mura ndéanfar iad a théarbhú nó a thagann díreach i ndiaidh a chéile.

AN CION BRISTE SÍOCHÁNA

- 3.28** Rinneadh an cion briste síochána contrártha d'alt 6 an Achta um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994 a scrúdú sa chás *Paul Clifford v. Director of Public Prosecutions* [2008] IEHC 322 neamhthuairiscithe, an Ard-Chúirt, an 29 Deireadh Fómhair 2008. Ciontaíodh an t-achomharcóir as cion a dhéanamh contrártha d'alt 6 den Acht. Chuaigh sé isteach in oifig phoiblí Stáisiún Chill Mhaighneann de chuid an Gharda Síochána agus bhí sé bagrach agus maslach le comhaltaí den Gharda Síochána. Ní dhearna aon duine den phobal a bhí i láthair iarracht a bheith páirteach agus d'fhan siad glan ar aon achrann. Rinneadh argóint thar a cheann nach raibh aon fhianaise ann go raibh sé de rún aige an tsíocháin a bhriseadh ná go raibh sé meargánta i dtaobh an dtarlódh nó nach dtarlódh briseadh. Shonraigh Breitheamh na Cúirte Dúiche a bhí ag éisteacht leis an gcúiseamh cás chun na hArd-Chúirte ina fiafraíodh an raibh nó nach raibh sé i dteideal tát a bhaint as go raibh sé de rún an tsíocháin a bhriseadh in imthosca den sórt sin. Cinneadh san Ard-Chúirt go bhféadfadh Breitheamh na Cúirte Dúiche tát a bhaint, sa chás go dtairgfear ciontú faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil (Ord Poiblí) 1994, go raibh rún ann nó meargántacht má bhíonn an fhianaise maidir le hiompar an chúisí leordhóthanach le tacú leis an tát sin.

PIANBHREITHEANNA

- 3.29** Agus an phianbhreith chuí atá le gearradh ar chiontú á cinneadh, ní mór do Bhreitheamh na trialach roinnt fachtóirí a bhreithniú. Mar shampla, an bhfuil aon chiontuithe seanréasacha ag an gcúisí, ar phléadáil an páirtí cúisí, cé chomh tromchúiseach is a bhí na cionta a rinneadh agus cad ab é tionchar na coire ar an íospartach.

Pianbhreitheanna agus Luach Drugaí ar an Margadh

- 3.30** Sa chás *Director of Public Prosecutions v. Derek Long* [2008] IECCA 133, cinneadh sa Chúirt Achomhairc Choiriúil gur fachtóirí cinniúnacha le breithniú ag Breitheamh trialach iad cainníocht agus luach na ndrugaí urghafa agus pianbhreith á gearradh. Ciontaíodh Long as seilbh a bheith ar dhrugaí lena ndíol agus soláthar. Ba é €111,370 luach sráide na ndrugaí. Phléadáil sé ciontach agus gearradh pianbhreith de 2 bliain príosúnachta air. D'iarr an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar athbhreithniú faoi alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 1993 in aghaidh chomh trócaireach is a bhí an phianbhreith. D'aighnigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí go ndearna breitheamh na trialach earráid sa dlí mar gur mhainnigh sé tromchúis an chiona, ag féachaint do luach substaintiúil na ndrugaí a chur san áireamh. Aontaíodh leis sa Chúirt Achomhairc Choiriúil agus rinneadh an phianbhreith a neamhniú agus rinneadh an cás a athliostú i gcomhair pianbhreithe. Rialaíodh sa Chúirt go raibh breitheamh na trialach mícheart nuair a lua sé/sí nach fachtóir ábhartha a bhí i luach gabháil áirithe nuair rinneadh a lua nach fachtóir ábhartha a bhí sa difríocht i luach gabháil áirithe nuair a bhí pianbhreith le gearradh.

Pianbhreitheanna Comhleantacha

- 3.31** Breithníodh an tsaincheist maidir le pianbhreitheanna comhleantacha sa chás *Director of Public Prosecutions v. Abdulakim Yusuf* [2008] IECCA 37. Bhí an t-achomarcóir sa chás sin ciontaithe i gcionta drugaí ceithre ócáid ar leithligh. Gearradh cúig phianbhreith chomhleantacha 11 bliain san iomlán air de bhun alt 11 den Acht um Cheartas Coiriúil 1984. Ba é an tsaincheist a tháinig chun cinn sa

chás ná an éilítear nó nach n-éilítear le halt 11 d'Acht 1984, ar chóir, i gcás a bhfuil níos mó ná pianbhreith príosúnachta amháin á ngearradh i ndáil le gach ceann de roinnt cionta arna ndéanamh fad is a bhí an ciontóir ar bannaí, go leanfadh gach pianbhreith an ceann roimhe sin nó an n-éilítear leis an alt nach mbeadh ach an phianbhreith dheiridh atá le gearradh comhleantach maidir le pianbhreitheanna a ghearrtar le haghaidh ciona roimhe sin? Agus é ag tabhairt Breithiúnais, rinne an Breitheamh Kearns tagairt do *Director of Public Prosecutions v. Joseph Cole* (2003) inar shonraigh an Breitheamh Fennelly nach n-éilítear pianbhreitheanna comhleantacha carnacha le hoibriú na forála. Cinneadh sa Chúirt nach n-éilítear le halt 11 d'Acht 1984 go mbeadh gach uile pianbhreith a ghearrtar i ndáil le cion arna déanamh agus duine ar bannaí comhleantach d'aon phianbhreith chomhchosúil eile ach amháin maidir leis an bpianbhreith dheiridh atá le gearradh. Rinneadh an phianbhreith 11 bliain a neamhniú sa Chúirt agus gearradh pianbhreith 9 bliain ina hionad.

4 AN tAONAD POLASAÍ IONCHÚISIMH

4.1 Bhunaigh an tAonad Polasaí Ionchúisimh in Eanáir 2008. Ní raibh ach Ceann Polasaí mar fhoireann ann i dtús aimsire ach earcaíodh Leas-Cheann Polasaí agus taighdeoir Dlí chun an Aonaid i rith 2008. Is iad seo a leanas na príomhaidhmeanna a bhaineann leis an Aonad Polasaí Ionchúisimh:

- Tograí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cuidiú le comhsheasmhacht i ndáil le cur chuige i gcinntí ionchúisimh a chinntiú chomh maith le comhsheasmhacht i ndáil le cur chuige abhcóidí agus aturnaetha a mbíonn cásanna á gcur i láthair acu thar ceann na hOifige a chinntiú.
- Freagairtí maidir le tograí polasaí ceartais choiriúil idirnáisiúnta agus náisiúnta a iarrtar tuairimí na hOifige ina leith go minic a bhainistiú,
- Freagairtí maidir le reachtaíocht bheartaithe agus forbairtí dlí i gcoitinne a fhorbairtí.
- Comhairle a thabhairt don Stiúrthóir i ndáil le saincheisteanna polasaí agus saincheisteanna ceartais choiriúil i gcoitinne, go háirithe polasaí maidir le híospartaigh coireachta.

4.2 I dtús aimsire, díriodh san Aonad ar phlean gnó a fhorbairt, ar bhearnaí polasaí agus tosaíochtaí oibre chomh maith le foinsí polasaí a bhí ann cheana féin a shainaithint laistigh den Oifig. Bhí sé riachtanach sa phróiseas sin naisc a fhorbairt le seirbhísí ionchúiseamh i ndlínsí máguaird. Thug baill foirne den Aonad Polasaí roinnt cuairteanna ar sheirbhísí ionchúiseamh Thuaisceart Éireann, Shasana, na Breataine Bige agus na hAlban, ina bhfuil aonaid pholasaí ionchúisimh fadbhunaithe.

4.3 Chomh maith leis sin, socraíodh san aonad polasaí feachtas a fhorbairt maidir le bunú an Aonaid, caidrimh oibre luachmhara a chothú leis na príomhghníomhaireachtaí ceartais choiriúil, lena n-áirítear an Garda Síochána, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, an Oifig um Íospartaigh Coireachta agus le heagraíochtaí tacaíochta d'íospartaigh, idir eagraíochtaí reachtúla agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

4.4 Sular bunaíodh an t-aonad polasaí, bhí Oifig páirteach ar feadh roinnt ama i scrúdú a dhéanamh ar an bpolasaí gan chúiseanna a thabhairt a bhain le cinntí ionchúiseamh a thionscnamh nó leanúint leis, d'aon duine seachas an Gharda Síochána, rud a raibh foilsiú plépháipéir in Eanáir 2008 agus próiseas comhchomhairle fadréimseach, idir inmheánach agus phoiblí, mar thoradh air.

4.5 Ghlac an t-aonad polasaí ról ceannasach ó bunaíodh é sa tionscadal cúiseanna; ag logáil aighneachtaí a fuarthas, á bhfreagairt agus ag déanamh anailíse orthu agus dréachtú na tuairisce ina raibh torthaí an phróisis chomhchomhairle. D'fhógáir an Stiúrthóir treoir-athrú polasaí le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2008, lena dtabharfar cúiseanna i scríbhinn i gcásanna a mbaineann bás leo nuair a iarrann páirtithe le dlúthbhaint leis an duine básaithe míniú maidir le cinneadh gan dul i mbun ionchúisimh nó gan leanúint le hionchúiseamh.

4.6 Chomhoibrigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le dhá mhórhionscadal taighde ina raibh rátaí an laghdaithe i gcásanna éignithe á scrúdú – baineann laghdú sa chomhthéacs seo leis an laghdú i líon na gcásanna éignithe a théann ar aghaidh chuig

na céimeanna comhleantacha den phróiseas ceartais choiriúil, - é a thuairisciú don Gharda Síochána, an próiseas cinnteoireachta ionchúisimh, an triail agus ciontú nó éigiontu.

4.7 Sa chéad staidéar, arna mhaoiniú ag Rape Crisis Network Ireland agus arna stiúradh ag Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh faoin Stiúrthóir Taighde, an tUasal Conor Hanly, féachadh ar an bpróiseas ó roinnt léargas, lena n-áirítear gearánaigh a chur faoi agallamh agus taifid chúirte a scrúdú. Rinneadh mionanailís san aonad polasaí ar eolas as 600 comhad éignithe inar mionsonraíodh an próiseas cinnteoireachta ionchúisimh go dtí torthaí na gcásanna agus ar shainstaidéar ar tharraingt siar na ngearánach.

4.8 Sa dara staidéar, arna stiúradh ag an Ollamh Paul O'Mahony ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, féachadh ar laghdú i gcásanna éignithe i gcomhthéacs comparáideach EU, arna mhaoiniú faoin scéim Daphne EU. Is staidéar comparáideach Eorpach laghdaithe é seo a bhaineann le 11 Tír: Sasana, Éire, an Fhrainc, an Bheilg, an tSualainn, an Ghearmáin, an Ostáir, an Eilvéis, an Ghréig, an Ungáir agus an Phortaingéil, inar rianáidh 100 tuairisc maidir le héigniú duine fásta ón 1 Aibreán 2004 agus féachadh ar phointí agus cúiseanna an laghdaithe. Tá ceithre shnáithe sa tionscadal:

- 100 tuairisc éignithe sheicheamhacha a rianú go dtí a gcríoch ag tosú an 1 Aibreán 2004
- Stair reachtaíochta/polasaí/cleachtais i ndáil le héigniú le 30 bliain anuas
- Agallaimh le príomhphearsanra i dtíortha rannpháirteacha
- Na céimeanna sa phróiseas ceartais choiriúil i ngach tír rannpháirteach a mhapáil.

4.9 Chuir an tAonad Polasaí amhshonraí mionsonraithe ar fáil ó na 100 cás éignithe tuairiscithe seicheamhacha a bhfuair an Oifig comhad ina leith.

4.10 Bhí rannpháirtíocht sna tionscadail taighde sin an-dian ó thaobh acmhainní, ach tá go leor curtha ach leis an eolas a bhí againn féin ar

shaincheisteanna a bhaineann leis an bpróiseas cinnteoireachta ionchúisimh i gcionta gnéis. Leis an dá thionscadal sin, tarraingíodh aird ar réimsí ina dteastaíonn tuilleadh taighde, go mórmhór na leibhéil arda a bhaineann le tarraingt siar na ngearánach i gcásanna éignithe.

4.11 Choimisiúnaigh Women's Aid an Tionscadal um Dhúnbhású Foréigin Bhaile chun anailís a dhéanamh ar na réamhtheachtaí maidir le roinnt dúnbhásuithe foréigin bhaile mná d'fhonn nádúr agus cáilíocht idirghabhálacha leis an íospartach agus/nó déantóir na coire agus cibé an ndearnadh deiseanna idirghabhála éifeachtaí a uasmhéadú. Go bunúsach, d'fhiafraigh sé cad a d'fhéadfaí a fhoghlaim ó na básanna tragóideacha sin. Táthar ag súil go mbeidh an taighde sin ina phointe tosaigh luachmhar le haghaidh meicníocht athbhreithnithe i ndáil le dúnbhású foréigin bhaile a fhorbairt in Éirinn.

4.12 D'éirigh le tairiscint an Aonaid um Staidéar ar Mhí-Úsáid Ban agus Leanáí in Ollscoil Chathrach Londan don tionscadal taighde sin. Rinne na taighdeoirí teagmháil le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus le hAonad Foréigin Teaghlaigh agus lonsaí Ghnéisigh an Gharda Síochána in 2008 ag iarraidh go gcomhoibreodh an dá ghníomhaireacht le treoir-phróiseas lenar bhain sonraí a thógáil as sampla randamach de chomhaid dúnbhásaithe bhaile ó chásanna le deich mbliana anuas. Cinneadh, i ndiaidh chomh maith is a d'éirigh leis an treoir-phróiseas, go gcomhoibreodh an tAonad Polasaí i gcomhar leis an nGarda Síochána, go hiomlán leis an staidéar. Tá sé mar aidhm leis an staidéar iomlán, na cásanna go léir a bhaineann le dúnbhású dlúthpháirtí ó 2001 - 2007 ina bhfuil na himeachtaí go léir (lena n-áirítear achomhairc) tugtha chun críche a scrúdú. Bhí sé sceidealta na sonraí a thógáil sa chéad ráithe de 2009.

4.13 Cuireadh tús le roinnt tionscadal taighde inmheánach san Aonad Polasaí Ionchúisimh le linn 2008. Cuimsíonn na tionscadail taighde sin polasaí a fhobairt i ndáil le pianbhreitheanna agus ról an ionchúisitheora sa phróiseas pianbhreitheana agus gnéithe de chinnteoireacht ionchúisimh i

gcomhthéacsanna sainiúla. Mar shampla, an cion i ndáil le fios collaí neamhdhleathach; truailliú tar éis diandliteanais a chailleadh agus achtú ina dhiaidh sin an Achta um an Dlí Choiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006.

4.14 Le linn 2008, bhreithnigh an t-aonad polasaí impleachtaí raon leathan d'ábhair reachtaíochta, lena n-áirítear:

- an Dréacht-Bhille um an Dlí Choiriúil (Inghlacthacht Fianaise), 2008;
- an agóid bhunreachtúil maidir le forálacha an Achta um an Dlí Choiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993;
- Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935;
- oibriú alt 5(1) den Acht um Cheartas Choiriúil 1993 (ráitis tionchair íospartaigh) in imthosca ina bhfuil an t-íospartach faoi 18 nó faoi mhíchumas intleachta;
- cúlúisteacht sreanga agus an Treoir Coinneála Sonraí ón EU;
- réamhthuairimí maidir le hathchóiriú giúiréithe mar chuid de phróiseas an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.

4.15 Chomh maith leis sin, chomhordaigh an tAonad Polasaí freagairt na hOifige ar CHOSC (An Oifig Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a Chosc) maidir le Straitéis Náisiúnta a fhorbairt chun freagairt go héifeachtach d'fhoréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe agus é a Chosc.

4.16 Mar fhocal scoir, bhí réimse oibre an Aonaid Polasaí Ionchúisimh, ina chéad bhliain ar an bhfód, leathan agus éagsúil. Chomh maith leis an bhfoireann a ceapadh, tá cúnamh á fháil ag an aonad trí obair na n-intéirneach dlí a tháinig isteach san Aonad Polasaí ar bhonn sealadadh i rith na bliana, cabhair fhíor-luachmhar, go háirithe i ndáil leis na mórthionscadail thaighde a ndeachthas ina mbun.

4.17 Chomh maith leis an obair sheachtrach i gcomhar le gníomhaireachtaí ceartais choiriúil eile ar cuireadh tús léi go rathúil san Aonad Polasaí in 2008, braithfidh go leor d'obair an

aonaid sa bhliain atá romhainn ar an ngá a bheidh le treoir inmheánach pholasaí. Beidh forbairt treoirlínte polasaí i ndáil le cionta marfacha, lena n-áirítear dúnbhásuithe agus cionta tráchta bóthair marfacha, san áireamh ansin.

5 SAORÁIL FAISNÉISE

- 5.1** Foráiltear in Alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 1997 do cheart rochtana i ndáil le taifid a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige agus leo sin amháin. Ciallaíonn sé sin i ndáiríre nach féidir rochtain a fháil ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.
- 5.2** Leantar ar aghaidh san Oifig ag cur eolas Saorála Faisnéise ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá ár Leabhar Tagartha d'Ailt 5 agus 6 ar fáil go forleathan i leabharlanna poiblí ar fud an tíre mar aon lenár láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Leagtar amach gnó na hOifige san fhoilseachán sin, lena n-áirítear na cineálacha taifead a choinnítear.
- 5.3** Is féidir caidreamh a dhéanamh leis an Aonad Saorála Faisnéise ar an teileafón nó trí ríomhphost chuig foi@dppireland.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist sin a úsáid maidir le fiosrú ginearálta faoi Shaoráil Faisnéise ach ní féidir é a úsáid maidir le hiarratas a chur isteach, éilítear táille iarratais ina leith sin.

Iarrataí a Fuarthas 2008	
Diúltaithe faoi alt 46 (1) (b)	8
Tarraingthe siar/déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise	2
Deonaíodh iarraidh	1
IOMLÁN NA N-IARRATAÍ	11

- 5.4** Cuireadh líon iomlán d'aon iarratas déag faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2008. Diúltáíodh ocht gcinn de na hiarratais faoin Acht agus tarraingíodh dhá iarratas siar. Deonaíodh iarratas amháin. Ba é an chúis a bhí leis na diúltuithe ná nach raibh baint ag na taifid a rabhthas á lorg le riaradh ginearálta na hOifige.
- 5.5** Ba iriseoirí a chuir péire de na hiarratais isteach agus ba dhaoine den phobal a rinne na naoi n-iarratas eile agus bhí baint ag deich gcinn de na hiarratais sin le comhaid choiriúla.
- 5.6** Níor lorg ach duine amháin as na daoine a rinneadh iarratas sna hocht gcás a diúltáíodh athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh bunaidh. Sa chás sin, seasadh leis an gcinneadh bunaidh. Ní dhearna aon duine a rinne iarratas achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Iarratóirí 2008	
Iriseoir	2
An Pobal i gCoitinne	9

Athbhreithnithe	
Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach	1
Iarrataí chuig an gCoimisinéir Faisnéise ar Athbhreithniú	0

6 STAITISTICÍ

Nóta Míniúcháin i nDáil le Staitisticí

- 6.1** Tiomsaíodh na staitisticí a leagadh amach sa tuarascáil seo de réir chóras Bhainistiú Cásanna agus Cáipéisí nua na hOifige a chuaigh beo ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2008.
- 6.2** Feidhmíonn an córas nua ar bhonn comhtháite ina bhfuil an tagairt cháis chéanna ag gach gné de chás, ón bpróiseas treorach tosaigh go dtí achomharc sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, a sholáthraíonn léargas ar gach gné éagsúil de chás i sracfhéachaint amháin.
- 6.3** Mar chuid den phróiseas feidhmithe bogadh sonraí ó na córais leagáide roimhe seo go dtí an córas nua. Bhí na córais leagáide comhdhéanta de roinnt bunachar neamhchomhoiriúnach, agus bhí leibhéal suntasach de mheitseáil agus de ghlanadh sonraí i gceist leis na próisis bhogadh sonraí. Mar thoradh air seo, d'fhéadfai go mbeadh neamhréireachtaí beaga idir staitisticí a táirgeadh ón gcóras nua agus sonraí a leagadh amach i dtuarascálacha roimhe seo.
- 6.4** Tá an chaibidil deighilte ina thrí alt ar leithligh:
- Baineann Cairteacha 1 go dtí 5 le comhaid a fuarthas san Oifig agus bíonn mionsonraí iontu ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
 - Tugann Cairteacha 6 go dtí 10 mionsonraí de thorthaí na gcásanna a rinne an Stiúrthóir a ionchúiseamh ar díotáil i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2005 agus 2007;
 - Baineann Cairteanna 11 agus 13 le hiarratais chun na Cúirteanna le hathbheithniú a dhéanamh ar phianbhreith faoi fhorais a bhaineann le trócaire mhíchuí; coigistiú agus forghéilleadh acmhainní coiriúla; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.
 - Tugann Cairteacha 14 go dtí 16 staitisticí ar chaiteachas na hOifige.

- 6.5** Tagraíonn na teorainneacha bliantúla go léir sna táblaí staitisticí don bhliain a bhfuarthas an comhad san Oifig. Is í an chúis le dul siar chomh fada i gCairteacha 7 go dtí 11 ná chun an difríocht ama idir treoir a dhéanamh agus taifeadadh ar fhíorasc na trialach a chur san áireamh. Dá mba rud é go mbeadh staitisticí i ndáil le torthaí chásanna 2008 le cur ar fáil bheadh cion mór de na cásanna fós rangaithe mar 'le héisteacht' agus is beag an luach a bheadh ag na staitisticí. Ní gá go mbeidh na cásanna a éistear laistigh de thréimhse ghearr óna dtionscnaítear iad ionadaíoch.
- 6.6** Sa tuarascáil seo d'fhéachamar i bhformhór na gcásanna leaganacha cothrom le dáta a thabhairt de na sonraí atá leagtha amach i dtuarascálacha Bhliantúla roimhe chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. De bharr athrú leanúnach ar stádas cásanna, mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh cás a bhí ar feitheamh ag tráth na tuarascála deireanaí curtha i gcrích anois, beidh an fhaisnéis a thugtar sa tuarascáil seo difriúil ón fhaisnéis don chohórt céanna cásanna i dtuarascálacha roimhe seo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain dhifriúla go hiomlán inchomparáideach mar gheall de réir mar a bhíonn am á chaitheamh go dtugtar níos mó cásanna chun críche agus mar sin go gcaitheann go mbíonn faisnéis ó bhlianta níos túisce níos iomláine ná ó bhlianta níos deireanaí. Mura bhfuil a mhalairt luaite, tugadh sonraí atá sna staitisticí seo cothrom le dáta amhail Lúnasa 2009.
- 6.7** Ní mór cúram a ghlacadh i gcás go mbíonn na staitisticí seo á mbreithniú i bhfianaise staitisticí a fhoilsíonn eagraíochtaí eile ar nós an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staitisticí atá foilsithe anseo bunaithe ar ár gcórais rangaithe agus catagóirithe féin agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh siad, i gcásanna áirithe, ag teacht le córais rangaithe eagraíochtaí eile.

Léiríonn Cairt 1 líon iomlán na gcomhad a fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí idir 1976 agus 2008.


Baineann tromlach na gcomhad a fhaigheann an Oifig le hionchúiseamh cásanna coiriúla. Déileálann an chuid eile le fiosrúcháin ghinearálta, le hábhair d'athbhreithniú breithiúnach nó le hiarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána nó ó aturnaetha stáit áitiúla. Go ginearálta, tháinig ardú ar líon na gcomhad a fuarthas, agus ar chastacht na saincheistanna nach mór díriú orthu ó cuireadh an Oifig ar bun.

Tá laghdú suntasach os cionn 1,000 comhad sna figiúirí don tréimhse 2000 go 2001 mar thoradh ar athrú ar na socrúithe riaracháin lena gceadaítear don Gharda Síochána cionta áirithe a ionchúiseamh gan comhaid a chur faoi bhráid na hOifige roimh ré le teoracha a fháil. Is ann don mhéadú mór sna figiúirí ó 2001 go dtí 2002 mar gheall ar Roinn Choiriúil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a aistriú go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2001 chun Roinn Athurnaetha na hOifige a chruthú.

* **NÓTA:** Ní áirítear líon na gcomhad dlí eile a fuarthas san Oifig leis na figiúirí do 2006, 2007 agus 2008. Is comhaid iad seo a bhaineann le saincheistanna dlí ar nós iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha stáit áitiúla. Toisc nach mbaineann siad le comhaid ionchúisimh choiriúla aonair, breithníodh go mbeadh sé níos oiriúnaí gan iad a chur san áireamh do chríocho staidrimh i dtuarascáil na bliana seo.

Cairt 1 LÍON IOMLÁN NA gCOMHAD A FUARTHAS

Bliain	Comhaid	Bliain	Comhaid	Bliain	Comhaid
1976	2,298	1987	3,902	1998	7,066
1977	2,542	1988	3,829	1999	7,321
1978	2,715	1989	3,724	2000	7,815
1979	2,698	1990	3,849	2001	6,821
1980	2,806	1991	4,255	2002	14,586
1981	3,249	1992	4,880	2003	14,696
1982	3,738	1993	5,356	2004	14,613
1983	4,309	1994	6,393	2005	14,427
1984	4,759	1995	6,674	2006	* 15,279
1985	4,335	1996	6,687	2007	* 15,401
1986	4,263	1997	6,915	2008	* 16,140




Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a cheann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbháodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Tá na hiarratais sin arbh éigin treoir a thabhairt ina leith san áireamh freisin sna figiúirí don Roinn Treorúcháin (Cairt 3) faoin gcatagóir 'comhaid dhlíthiúla eile'. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh

Cairt 2 COMHAID A nDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA nATURNAETHA


	2008	%	2007	%	2006	%
Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche	2082	27%	2118	26%	2321	30%
Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda	2623	34%	2667	35%	2267	30%
Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte	2599	34%	2443	32%	2681	35%
Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha	348	5%	436	6%	358	5%
IOMLÁN	7652		7664		7627	



Déanann Cairt 3 comparáid idir líon na gcomhad a fuair an Roinn Treorúcháin agus na ndaoine atá faoi amhras is ábhar do na comhaid seo. Baineann go leor díobh le níos mó ná duine amháin agus d'fhéadfaí dul amú a chruthú i dtaobh ualach oibre na hOifige dá ndéileálfai le comhad den sórt sin mar chás aonar. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach aird a thabhairt ar líon iomlán na ndaoine atá faoi amhras chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

Cairt 3 CUR SÍOS AR NA COMHAID A FUAIR AN ROINN TREORÚCHÁIN

	2008	2007	2006
Líon comhad ionchúiseamh a fuair an Roinn Treorúcháin	8437	7737	7703
Líon daoine is ábhar do chomhaid ionchúiseamh	11537	10493	10499



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2006, 2007 agus 2008 (suas go dtí Lúnasa 2009). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

Ionchúiseamh ar bith: Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

Ionchúiseamh ar Díotáil: Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.


Diúscairt Achomair: Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

Faoi Bhreithniú: Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

NÓTA: Tá na figiúirí do 2006 agus 2007 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hionchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.

Cairt 4 DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS


Treoir Déanta	2008	%	2007	%	2006	%
Ionchúiseamh ar Bith	3901	34%	3737	36%	3988	38%
Ionchúiseamh nó Indíotail	3685	32%	3390	32%	3505	33%
Diúscairt Achomair	3688	32%	3314	32%	2969	28%
LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH	11274	98%	10441	100%	10466	100%
Faoi Bhreithniú	263	2%	52	0%	33	0%
IOMLÁN	11537		10493		10499	



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo ('eile') gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt.

Cairt 4a CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh	2008	%	2007	%	2006	%
Ganntanas Fianaise	3018	77%	3069	82%	3133	79%
Clár Athstíúrtha Óige	91	2%	66	2%	170	4%
Leas an Phobail	284	7%	240	6%	164	4%
Forais Simpíteacha	19	0%	25	1%	50	1%
Tréimhse Ama Caite	49	1%	69	2%	165	4%
Moill Mhíchúí	42	1%	48	1%	61	2%
Eile	398	10%	220	6%	245	6%
IOMLÁN	3901		3737		3988	



Is briseadh síos atá i gCairt 4b de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar dlótáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndéanadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbeithniú' (féach Cairt 4). Airítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar dlótáil a bheith mar thoradh orthu.

Cairt 4b CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DLÓTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

	Daonra 2008 *	Daonra 2007 *	Daonra 2006 *	Daonra 2005 *	Daonra 2004 *	Cásanna an 1,000 Dúinne										Meán Rolta 3 Bliana			
						2008	2007	2006	2005	2004	2008	2007	2006	2005	2004	2006- 2008	2005- 2007	2004- 2006	2004- 2006
Ceatharlach	53,295	51,820	50,349	49,235	47,982	37	15	33	42	22	69	29	66	85	0.46	0.55	0.60	0.66	0.66
An Cabhán	67,300	65,769	64,003	60,936	59,959	42	29	40	29	29	62	44	62	0.48	0.48	0.57	0.51	0.53	0.53
An Clár	114,291	112,109	110,950	107,722	105,612	76	72	74	70	62	66	64	67	0.65	0.59	0.66	0.65	0.63	0.63
Corcaigh	499,481	489,950	481,295	471,489	461,745	372	372	332	321	247	74	76	69	0.68	0.53	0.73	0.71	0.64	0.64
Dún na nGall	154,849	151,328	147,264	143,983	141,675	87	116	59	56	37	56	77	40	0.39	0.26	0.58	0.52	0.35	0.35
Baile Átha Cliath	1,217,800	1,210,300	1,187,176	1,160,100	1,144,400	1,711	1,598	1,788	1,562	1,419	1,40	1,32	1,51	1.35	1.24	1.41	1.39	1.36	1.36
Gaillimh	238,282	234,535	231,670	225,207	218,717	84	75	108	55	81	35	32	47	0.32	0.37	0.38	0.34	0.36	0.36
Ciarrái	145,119	142,350	139,835	138,211	133,355	64	65	62	63	58	44	46	44	0.46	0.43	0.45	0.45	0.44	0.44
Cill Dara	201,677	194,622	186,335	178,456	172,500	89	80	93	69	93	44	41	50	0.39	0.54	0.45	0.43	0.47	0.47
Cill Chainnigh	92,681	90,116	87,558	85,785	83,602	45	44	67	33	56	49	49	77	0.38	0.67	0.58	0.55	0.61	0.61
Laois	71,092	69,334	67,059	67,074	62,465	29	34	22	26	33	41	49	33	0.41	0.53	0.41	0.41	0.42	0.42
Liatroim	30,441	29,749	28,950	22,765	27,231	12	13	11	12	4	56	44	38	0.43	0.15	0.46	0.42	0.32	0.32
Luímeach	189,598	185,978	184,055	180,700	177,161	148	151	142	133	81	78	81	77	0.74	0.46	0.79	0.77	0.65	0.65
An Longford	36,459	35,557	34,391	33,331	32,494	27	24	20	9	11	76	67	58	0.27	0.34	0.67	0.51	0.40	0.40
Lú	116,998	114,337	111,267	107,714	105,987	99	97	71	39	73	85	85	64	0.36	0.69	0.78	0.62	0.56	0.56
Maigh Eo	127,373	125,370	123,839	123,288	119,735	64	60	53	46	52	50	48	43	0.37	0.43	0.47	0.43	0.41	0.41
An Mhí	176,238	170,072	162,831	151,228	146,181	67	68	76	70	50	38	40	47	0.46	0.34	0.42	0.44	0.42	0.42
Muineachán	58,881	57,542	55,997	54,891	54,011	36	37	29	41	22	61	64	52	0.75	0.41	0.59	0.64	0.56	0.56
Uíbh Fhailí	75,130	73,272	70,868	68,503	66,782	28	21	21	20	17	37	29	30	0.29	0.25	0.32	0.19	0.28	0.28
Ros Comáin	60,445	59,495	58,768	57,505	55,848	25	23	15	17	23	41	39	26	0.30	0.41	0.35	0.31	0.32	0.32
Sligeach	64,031	62,574	60,894	60,201	59,236	29	21	50	48	40	45	34	82	0.80	0.68	0.54	0.65	0.76	0.76
Tiobraid Árann	156,101	152,365	149,244	146,823	143,462	95	90	64	60	46	61	59	43	0.41	0.32	0.54	0.48	0.39	0.39
Port Láirge	114,277	111,115	107,961	107,045	104,321	158	102	79	65	63	138	92	73	0.61	0.60	1.01	0.75	0.65	0.65
An Iarmhí	84,118	82,037	79,346	76,992	75,059	136	56	60	42	25	162	68	76	0.55	0.33	1.02	0.66	0.54	0.54
Loch Garman	139,457	135,598	131,749	126,889	123,659	46	53	59	46	40	33	39	45	0.36	0.32	0.39	0.40	0.38	0.38
Cill Mhantáin	136,585	131,806	126,194	122,716	118,620	73	74	81	64	66	53	56	64	0.52	0.56	0.58	0.57	0.57	0.57
IOMLÁN	4,421,999	4,339,100	4,239,848	4,130,699	4,043,799	3,684	3,390	3,509	3,038	2,750									

* Togadh figiúirí an daonra do 2006 as figiúirí daonáirimh na bliana sin. Riomhtar figiúirí an daonra do na blianta roimh 2006 bunaithe ar leithroinnt chomhréireach na Meastachán ar Dhaonra agus ar Imirce do na Ceantair Udarais Réigiúnacha arna bhfoilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh in Albéain 2006 lena n-áirítear figiúirí bliantúla athbheithithe do na blianta idir 2003 agus 2005. Tá figiúirí 2007 agus 2008 bunaithe ar leithroinnt chomhréireach na bhfigiúirí daonra atá measta do 2007 agus 2008 arna bhfoilsiú sna Meastacháin ar Dhaonra & ar Imirce a eisíodh i 2007 agus 2008.


Léiríonn Cairt 5 an t-am idir comhad ionchúisimh críochnaithe a fháil san Oifig agus treoir a eisiúint maidir le cibé acu ar chóir nó nár chóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Cinneadh an fhaisnéis seo a léiriú de réir “duine atá faoi amhras” seachas de réir comhad mar go dtarlaíonn sé i gcásanna áirithe go mbíonn níos mó ná duine amháin i gceist agus nach ndéantar an cinneadh céanna i leith gach duine acu i gcónaí.

Bíonn comhaid éagsúil ó thaobh méid agus chomh coimpléascach a bhíonn siad. I gcásanna áirithe, bhí gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Féadfar tuilleadh faisnéise a lorg chun cruthúnas cáis a fheabhsú, cé nach comhartha é seo go raibh aon locht ar an imscrúdú.

Rinneadh an t-am a caitheadh a ríomh ar bhonn na gcásanna a bhfuil treoir eisithe ina leith amháin. Níor cuireadh comhaid atá á mbreithniú fós san áireamh agus léirítear iad mar chatagóir ar leithligh

Cairt 5 AN tAM A CAITHEADH SULAR EISÍODH CINNEADH

An tAm a Caitheadh	2008	%	2007	%	2006	%
0 - Dhá Sheachtain	5824	50%	5421	52%	5501	52%
Dhá - Cheithre Sheachtain	1811	16%	1502	14%	1500	14%
Ceithre Seachtaine - Trí Mhí	1944	17%	1905	18%	1856	18%
Trí Mhí - Sé Mhí	1019	9%	882	9%	903	9%
Sé Mhí - Dhá Mhí Dhéag	576	5%	988	9%	868	9%
Os Cionn Bliana	100	1%	179	2%	226	2%
LÍON IOMLÁN COMHAD DIÚSCARTHA	11274	98%	10441	99%	10466	100%
Faoi Bhreithniú	263	2%	52	1%	33	0%
IOMLÁN	11537		10493		10499	



TORTHAÍ

Torthaí Ionchúiseamh a Tógadh ar Díotáil

Cuireann cairteanna 6 go dtí 10 eolas ar fáil d'ionchúisimh ar díotáil a thóg an Stiúrthóir i ndáil le comhaid a fuair an Oifig idir 2005 agus 2007. Mar a dúradh sa nóta míniúcháin tosaigh, ba chóir cúram a ghlacadh sula ndéanfaí comparáid le figiúirí a chuireann aon eagraíocht eile ar fáil, mar gur dócha gur tiomsaíodh ar bhonn difriúil iad.

Baineann na figiúirí sna cairteanna seo le daoine aonair a bhfuil amhras fúthu agus a bhfuil treoir tugtha iad a ionchúiseamh ar díotáil. Soláthraítear na staidrimh ar bhonn duine ar dhuine seachas a bheith bunaithe ar na comhaid a fuarthas. Sin mar gheall go ndéantar treoir i ndáil le gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi atá i gcomhad seachas in aghaidh an chomhaid ina iomláine mar eintiteas ann féin. Ag brath ar an bhfianaise a thugtar, is minic go ndéantar treoracha dirfriúla i ndáil le daoine éagsúla a bhfuil amhras fúthu a fhaightear mar chuid den chomhad céanna. Déanann tagairtí sna cairteanna seo do 'chásanna' tagairt d'ionchúisimh den sórt sin a thógáil in aghaidh daoine aonair a bhfuil amhras fúthu. Cé gur féidir daoine aonair a bhfuil amhras fúthu atá luaite i gcomhad a chur ar a dtíle le chéile i gcás go mbíonn treoir tugtha iad a ionchúiseamh i gcúirteanna den dlíse chéanna, déanfar an bhreith i gcás gach duine aonair a bhfuil amhras faoi nó fúithi a chóimheas ar leithligh chun críche na staidreamh seo.

Cuirtear staidrimh ar fáil ar bhonn toradh amháin do gach duine atá faoi amhras; beag beann ar an líon cúiseamh agus coireanna liostaithe ar an díotáil. Bristear ciontuithe síos mar seo a leanas: ciontú ag giúiré, ciontú ar phléadáil, agus ciontú ar chúiseamh níos ísle. Cuireann ciontú ar chúiseamh níos ísle in iúl nár ciontaíodh an duine a bhfuil amhras faoi/fúithi as an bpríomhchoir nó an choir is tromchúisí ar an díotáil. Tá an catagóiriú ar chuireanna a úsáidtear sna príomhchairteanna leagtha amach de réir na bpríomhchoireanna nó na gcoireanna níos tromchúisí ar an díotáil. Dá réir sin, má chiontaítear cosantóir as coir nach bhfuil chomh tromchúiseach, d'fhéadfadh an choir nó na coireanna as a gciontaítear iad a bheith éagsúil ón tslí faoina bhfuil catagóiriú orthu sna cairteanna. Mar shampla, d'fhéadfaí go gcúiseofaí duine a bhfuil amhras faoi/fúithi as dúnmharú ach ar deireadh d'fhéadfaí go gciontófaí as an gcoir níos ísle, dúnorgain, iad nó d'fhéadfaí go gcúiseofaí iad as trombhuigléireacht ach go gciontófaí iad as an gcoir níos ísle, buirgléireacht. Tugtar briseadh síos ar chiontuithe ar chúiseamh níos ísle i ndáil le cásanna a éistear sa Chúirt Choiriúil Speisialta agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i gcairteanna 8a agus 9a. Sa chás go gcuirtear duine atá faoi amhras i gcatagóir "éigiontaithe", ciallaíonn sé sin go mbíonn an duine a bhfuil amhras faoi/fúithi éigiontaithe ar na cúisimh go léir.

Ba chóir a thabhairt ar aird, go mbaineann na staidrimh atá sna cairteanna seo lenar tharla sa chúirt thrialach amháin agus ní in aon chúirt achomhairc ina dhiaidh sin. I bhfocail eile, i gcás go gciontaítear duine agus go gcealaítear an ciontú sin ina dhiaidh sin ar achomharc, taispeántear toradh na trialach inár gcuid staidreamh fós mar chiontú.

Ba chóir cúram a ghlacadh i ndáil le léirmhíniú na rátaí ciontaithe agus éigiontaithe maidir le blianta níos deireanaí, mar go bhfuil líon mór cásanna ann nach bhfuil tugtha chun críche. Ní bheidh an íomhá a thugann na staidrimh seo chomh hiomlán agus dá bhrí sin ní bheidh siad chomh hionadaíoch leis an íomhá do na staidrimh do bhlianta níos túsce. Ní gá gur sampla ionadaíoch den iomlán a bheadh i gcásanna a thionóltar réasúnta luath.

Torthaí na n-Iarratas a Rinneadh chun na Cúirteanna

Soláthraíonn cairteanna 11 go 13 sonraí na n-iarratas a rinneadh chun na Cúirteanna le hathbhreithnithe a dhéanamh ar phianbhreith faoi fhorais a bhaineann le trócaire mhíchúí; coigistiú agus forghéilleadh acmhainní coiriúla; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.

Léiríonn Cairt 6 an toradh a bhí ar na hionchúisimh ar díotáil a tugadh i ndáil le cúisithe ar thosaigh na hionchúisimh ina leith sna blianta 2005 go 2007 (suas go Lúnasa 2008). Baineann na figiúirí le:

Ciontú: Ciontú i ndáil le ceann amháin ar a laghad de na cúiseanna a bhí i gceist.


Scaoileadh saor: An cosantóir neamhchiontach i leith gach cúis a bhí i gceist.

Gan éisteacht go fóill: Cinneadh déanta dul ar aghaidh le hionchúiseamh agus iad le dul os comhair cúirte.

NÓTA: Níl figiúirí don bhliain 2008 ar áireamh os rud é go gcaithfear déileáil fós leis an gcuid is mó go mór de na cásanna seo.


Cairt 6 **TORTHAÍ na gCÁSANNA - IONCHÚISIMH AR DÍOTÁIL**

Toradh	2007	%	2006	%	2005	%
Ciontú	2102	62%	2457	70%	2252	74%
Scaoileadh saor	69	2%	142	4%	167	5%
Gan Éisteacht go Fóill	1172	35%	798	23%	490	16%
Caite amach/Éiríodh as	47	1%	112	3%	129	4%
IOMLÁN	3390		3509		3038	



Cairt 6a **ACHOIMRE - CIONTAITHE/SCAOILEADH SAOR (CÁSANNA NÁR ÉISTÍODH GO FÓILL GAN BHEITH SAN ÁIREAMH)**

	2007	%	2006	%	2005	%
Ciontaithe ag Giúiré	107	5%	124	5%	144	6%
Ciontú tar éis Pléadáil Ciontach	1995	92%	2333	90%	2108	87%
CIONTAITHE - IOMLÁN	2102	97%	2457	95%	2252	93%
Scaoilte Saor ag Giúiré	50	2%	89	3%	109	5%
Scaoilte Saor ar Threoir ón mBreitheamh	19	1%	53	2%	58	2%
SCAOILEADH SAOR - IOMLÁN	69	3%	142	5%	167	7%
IOMLÁN	2171		2599		2419	



Tugann Cairt 7 briseadh síos ar na hionchúisimh a treoraíodh ar díotáil a éisteacht sa Chúirt Chuarda. Is iad na cásanna atá rangaithe mar 'Le hÉisteacht' ná na cásanna sin nach bhfuil fíorasc tairfeadta go fóill ina leith. I gcuid de na cásanna seo, d'fhéadfadh tús a bheith curtha ag triail le héisteachtaí, ach go mbeadh na himeachtaí stoptha ag iarraitas ar Athbheithniú Breithiúnach. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go bhfuil an cosantóir éalaithe roimh an triail agus go bhfuil barántas binse agus/nó imeachtaí eiseachadta i bhfeidhm. B'fhéidir le cásanna eile, go háirithe iad sin de chineál casta, nach bhfuil siad tagtha chun trialach go fóill. Mar gheall ar an gcion mór de chásanna 'Le hÉisteacht' atá ann, níl na figiúirí sna blianta is déanaí chomh hionadaíoch. Tá feidhm ag an gcoinníoll sin freisin i gcás Chairteanna 8 agus 9. I gcás go mbíonn easaontas faoi thoradh trialach, déileáiltear leis an gcás fós mar 'Le hÉisteacht' mura mbíonn *nolle prosequi* iontráilte.

Cairt 7 TORTHÁI NA GCÁSANNA A IONCHÚISIODH SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA

	IOMLÁN			Ciontú ag Giúiré			Ciontú ar Phléadál			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigíontú ag Giúiré			Éigíontú ag Theoir an Bheithimh			Le hÉisteacht			Diúscairt ar Shlí Eile																				
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005																		
Timpestí Marfacha ag an Obair	6	10	10				0	0	0				0	7	8				0	0	0				0	0	1			6	1	1			0	2	0					
Dúnorgain	7	20	11				1	3	1				2	7	8				0	0	0				0	1	1			3	8	1			0	1	0					
Cionta Marfacha Eile	0	1	0				0	0	0				0	0	0				0	0	0				0	0	0			0	0	0			0	1	0					
IOMLÁN - CIONTA MARFACHA	13	31	21				1	3	1				2	14	16				0	0	0				0	1	1			9	9	2			0	4	0					
Buirgléireacht	307	366	291				1	7	3				218	271	217				3	3	1				0	5	4			2	4	8			76	67	49			7	9	9
Calaols	41	68	44				0	3	0				19	40	27				0	0	0				0	0	0			1	3	0			21	22	15			0	0	2
Robáil	475	565	499				3	9	2				350	158	426				3	5	1				1	3	3			1	5	3			115	78	49			2	7	15
Goid	129	133	93				3	2	3				67	78	71				0	0	1				2	1	2			0	3	2			54	44	13			3	5	1
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	168	177	173				4	8	5				95	107	111				0	1	5				1	5	3			0	2	3			65	46	30			3	8	16
IOMLÁN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN	1120	1309	1100				11	29	13				749	954	852				6	9	8				4	14	12			4	17	16			331	257	156			15	29	43
Bugaireacht	3	5	2				0	0	0				0	3	1				0	0	0				0	0	0			0	0	0			2	2	1			1	0	0
Pornagrafaíocht Leanai	19	9	8				0	0	0				12	7	6				0	0	0				0	0	0			0	0	1			7	2	1			0	0	0
Ionsaí Gnéis	85	119	80				4	3	7				36	47	36				0	1	0				2	7	5			0	3	1			41	54	22			2	4	9
Gnéas le Cailín Mionaoise	16	1	12				0	0	0				7	1	4				0	0	0				1	0	1			0	0	0			8	0	1			0	0	6
Cionta Gnéis Eile	24	19	7				0	1	0				6	11	5				1	1	0				0	1	0			0	0	1			17	5	1			0	0	0
IOMLÁN - CIONTA GNÉIS	147	153	109				4	4	7				61	69	52				1	2	0				3	8	6			0	3	3			75	63	26			3	4	15
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	49	59	54				4	5	7				23	38	26				1	4	4				0	2	3			1	1	6			20	7	8			0	2	0
Tógáil Neamhúdairithe Mótarfeithiclí	75	115	131				3	4	6				57	83	107				0	0	0				1	1	2			0	0	2			14	18	11			0	9	3
Cionta Trácta Bóhair Eile	30	26	25				2	0	0				19	18	18				2	1	0				0	0	0			0	0	0			7	5	6			0	1	1
IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	154	200	210				9	10	13				99	139	151				3	5	4				1	3	5			1	1	8			41	30	25			0	12	4
Cionta Drugaí	688	584	486				12	8	12				489	455	369				8	7	13				0	2	1			1	6	5			175	101	76			3	5	10
Cionta Arm Tíne agus Pléascán	157	109	116				2	4	5				88	75	77				2	4	1				2	1	4			0	0	2			61	24	24			2	1	3
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	828	801	735				18	23	44				399	457	437				7	16	21				21	43	52			9	19	19			352	201	114			22	42	48
Cionta Oird Phoiblí	78	134	93				0	8	4				23	54	42				7	0	11				0	2	10			0	4	2			46	59	23			2	7	1
Cionta Ioncaim	21	29	16				0	0	0				1	3	3				1	0	0				0	0	0			0	0	0			19	24	11			0	2	1
Cionta Eile	36	39	37				0	1	2				11	26	14				2	0	1				0	1	1			1	2	1			22	8	19			0	1	1
MÓR-IOMLÁN	3242	3389	2923				57	90	101				1922	2246	2013				37	43	59				31	75	91			17	52	58			1131	776	476			47	107	125

Cairt 7a BRISEADH SÍOS MAR 'DÍUSCAIRT AR SHLÍ EILE' Ó CHAIRT 7

	2007	2006	2005
An Cuisi Basaithe	1	6	13
Nolle Prosequi Iontrailte	46	101	111
Cás Foirceannta ag Athbhreithniú Breithiúnach	0	0	1
IOMLÁN	47	107	125

Cairt 7b IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	Iomlán			Ciontú		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Timpistí Marfacha ag an Obair	0	7	9	N/A	100%	89%
Dúnorgain	4	11	10	75%	91%	90%
Cionta Marfacha Eile	0	0	0	N/A	N/A	N/A
IOMLÁN - CIONTA MARFACHA	4	18	19	75%	94%	89%
Buirgléireacht	224	290	233	99%	97%	95%
Calaois	20	46	27	95%	93%	100%
Robáil	358	480	435	97%	95%	95%
Goid	72	84	79	96%	95%	95%
Cionta Eile in Aghaidh Maoine	100	123	127	99%	94%	95%
IOMLÁN - CIONTA IN AGHAIDH MAOIN	774	1023	901	99%	94%	97%
Bugaireacht	0	3	1	N/A	100%	100%
Pornagrafaíocht Leanaí	12	7	7	100%	100%	86%
Ionsaí Gnéis	42	61	49	95%	84%	88%
Gnéas le Cailín Mionaoise	8	1	5	88%	100%	80%
Cionta Gnéis Eile	7	14	6	100%	93%	83%
IOMLÁN - CIONTA GNÉIS	69	86	68	96%	87%	87%
Tiomáint Chontúirteach is Triúg Bháis	29	50	46	97%	94%	80%
Tógáil Neamhúdaraíthe Mótarafeithiclí	61	88	117	98%	99%	97%
Cionta Tráchta Bóthair Eile	23	20	18	100%	100%	100%
IOMLÁN - CIONTA TRÁCHTA BÓTHAIR	113	158	181	98%	97%	93%
Cionta Drugaí	510	478	400	100%	98%	99%
Cionta Arm Tine agus Pléascán	94	84	89	98%	99%	93%
Cionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine	454	558	573	93%	89%	88%
Cionta Oird Phoiblí	30	68	69	100%	91%	83%
Cionta Ioncaim	2	3	4	100%	100%	75%
Cionta Eile	14	30	18	93%	90%	94%
MÓR-IOMLÁN	2064	2506	2322	98%	95%	94%

Leagann an chairt thíos amach torthaí cásanna a treoraíodh i gcomhair ionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Speisialta.

Cairt 8 TORTHAÍ NA gCÁSANNA A IONCHÚISIODH AR DÍOTÚIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL SPEisialTA

	Iomlán			Ciontú ag Breithiúnaes			Ciontú ag Philéadail			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigiontú ag Breithiúna			Le hÉisteacht		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Cionta Arm Tine & Pléascán	0	1	5	0	0	0	0	1	5	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Dúnmharú	1	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	10	9	8	4	0	2	1	6	1	2	0	4	1	1	1	1	2	0
IOMLÁN	10	10	13	5	0	2	1	7	6	2	0	4	1	1	1	1	2	0

Cairt 8a BRISEACH SÍOS MAR 'CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ'

	Iomlán			Ciontú ag Gitiúiré			Ciontú ag Philéadail		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Cionta Arm Tine & Pléascán	2	0	4	0	0	0	2	0	4
IOMLÁN	2	0	4	0	0	0	2	0	4

Cairt 8b IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	Iomlán			Ciontú		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Cionta Arm Tine & Pléascán	0	1	5	N/A	100%	100%
Comhaltas d'Eagraíocht Mhídhleathach & Cionta Gaolmhara	8	7	8	88%	86%	88%
IOMLÁN	8	8	13	100%	88%	92%

Tugann Cairt 9 imlíne ar thoradh na gcásanna a treoraíodh lena n-ionchúiseamh sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus briseadh síos ar na cásanna go léir tríd de réir an chúisimh ba thromchúisí in aghaidh an chosantóra. Déanann na cairteanna forlíontacha briseadh síos ar thorthaí ciontuithe ar chúiseamh níos lú agus 'diúscairt ar shlí eile'.

Cairt 9 TORADH NA gCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÚIL SA PHRÍOMH-CHÚIRT CHOIRIÚIL

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigíontú le Giúiré			Éigíontú le Treoir ón mBreitheamh			Diúscairt ar Shlí Eile			Le hÉisteacht		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Dúnmharú	54	33	32	24	9	13	9	5	3	11	13	7	2	4	5	0	0	0	0	0	0	8	2	3
Iarracht Dúnmharaithe	0	0	4	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	1
Dúnmharú a Shireadh	1	0	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Comhcheilg um Dhúnmharú	2	0	0	2	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Éigniú	64	61	60	5	12	13	18	17	20	4	1	5	8	9	9	2	0	0	0	5	3	27	17	10
Iarracht Éignithe	2	4	2	0	1	1	1	2	1	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	1	0	0
Tromionsaí Gnéis	1	3	2	0	0	0	0	2	1	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	1	1	0	0
Buirgléireacht	0	0	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
Cuidiú le ciontóir	4	0	0	1	0	0	3	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0	0
An Dlí Iomaíochta	11	9	0	0	0	0	0	8	0	0	0	0	8	0	0	0	0	0	0	0	0	3	1	0
IOMLÁN NA gCÁSANNA	138	110	102	32	22	27	31	34	28	15	15	12	18	14	16	2	0	0	0	5	5	40	20	14

Cairt 9a BRISEADH SÍOS MAR ‘CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ’

Príomh Chúis	Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadáil		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Tromionsaí Gnéis				0	1	0	0	0	0	0	1	0
Dúnmharú				0	0	1	0	0	0	0	0	1
Dúnmharú				11	13	6	6	4	6	5	9	0
Éigniú				0	0	1	0	0	1	0	0	0
Éigniú				0	0	2	0	0	0	0	0	2
Éigniú				2	0	0	1	0	0	1	0	0
Éigniú				2	1	2	2	1	0	0	0	2
IOMLÁN	15	15	12	15	15	12	9	5	7	6	10	5

Cairt 9b **BRISEADH SÍOS MAR ‘DIÚSCAIRT AR SHLI ÉILE’**

	2007		2006		2005	
<i>Nolle Prosequi</i> Ionraithe	0		5		4	
Caite Amach	0		0		1	
IOMLÁN	0		5		5	

Cairt 9c **IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE**
(LENA n-ÁIRIAR CIONTUITHE AR CHÚISEAMH NÍOS LÚ)

	Iomlán			Ciontú		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Dúnmharú	46	31	28	96%	87%	82%
Iarracht Dúnmharaithe	0	0	3	N/A	N/A	33%
Dhúnmharú a Shireadh	0	0	1	N/A	N/A	100%
Comhcheilg um Dhúnmharú	2	0	0	100%	N/A	N/A
Éigniú	37	39	47	73%	77%	81%
Iarracht Éignithe	1	4	2	N/A	75%	100%
Tromionsaí Gnéis	0	3	1	N/A	100%	100%
Buirgléireacht	0	0	1	N/A	N/A	100%
Cuidiú le Ciontóir	4	0	0	100%	N/A	N/A
An Díl Iomaíochta	8	8	0	0%	100%	N/A
IOMLÁN	98	85	83	80%	84%	81%

Tugann Cairt 10 briseadh síos ar fhíoraisc na gcás do gach cúirt choiriúil chuarda. Murab amhlaidh le Cairt 7, ní áirítear inti cásanna 'atá le hÉisteacht' nó cásanna a raibh aon toradh eile orthu seachas ciontú nó éigiontú. Tabhair ar aird i roinnt cásanna, go bhféadfadh trial a bheith i gcúirt chuarda nach i an cúirt chuarda í don chontae ina ndearnadh an cion.

Cairt 10 TORTHAÍ NA gCÁSANNA A IONCHÚISÍODH AR DÍOTÁIL SA CHÚIRT CHOIRIÚIL CHUARDA DE RÉIR CONTAE

	Iomlán			Ciontú le Giúiré			Ciontú le Phléadail			Ciontú ar Chúiseamh Níos Lú			Éigiontú ag Giúiré			Éigiontú le Treoir ón mBreitheamh		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Ceatharlach	11	25	29	2	0	3	9	22	24	0	1	2	0	1	0	0	1	0
An Cabhán	14	24	20	0	0	1	12	18	18	0	0	0	0	4	0	2	2	1
An Clár	37	39	45	3	2	12	33	33	28	1	0	0	0	3	4	0	1	1
Corcaigh	275	257	265	10	11	8	253	225	235	1	0	0	6	10	11	5	11	11
Dún na nGall	48	35	41	4	1	1	41	32	39	0	0	0	3	0	0	0	2	1
Baile Átha Cliath	1048	1322	1220	14	28	40	1012	1224	1093	15	25	35	5	21	35	2	24	17
Gaillimh	49	79	46	1	2	0	39	67	41	4	2	0	4	6	3	1	2	2
Ciarraí	45	51	41	1	3	0	42	47	35	0	0	2	2	1	2	0	0	2
Cill Dara	63	77	72	2	4	3	58	64	63	0	3	3	2	5	1	1	1	2
Cill Chainnigh	30	43	29	0	3	2	29	36	19	0	2	2	1	1	4	0	1	2
Laois	22	20	22	2	1	0	19	17	20	1	1	0	0	0	2	0	1	0
Liatroim	3	7	6	0	0	0	3	7	5	0	0	0	0	0	0	0	0	1
Luinneach	54	82	93	2	3	6	52	77	76	0	0	1	0	1	4	0	1	6
An Longford	13	10	9	1	3	1	12	5	8	0	0	0	0	1	0	0	1	0
Lú	45	41	26	1	5	3	43	32	18	0	0	0	1	2	2	0	2	3
Maigh Eo	23	32	39	0	0	2	21	24	30	0	5	1	2	3	6	0	0	0
An Mhí	38	60	63	1	2	2	37	57	54	0	1	1	0	0	4	0	0	2
Muineachán	24	19	20	2	1	1	16	16	17	4	0	0	0	2	1	2	0	1
Uíbh Fhailí	11	8	15	1	0	0	10	7	15	0	0	0	0	1	0	0	0	0
Ros Comáin	13	21	14	0	0	0	12	19	14	1	0	0	0	2	0	0	0	0
Sligeach	19	30	33	1	1	2	14	28	21	1	0	7	1	0	2	2	1	1
Tiobraid Árann	36	44	37	2	1	3	25	38	26	8	1	2	0	4	4	1	0	2
Port Láirge	58	48	45	3	4	4	53	42	36	1	1	2	0	1	2	1	0	1
An Iarmhí	25	42	27	0	8	5	23	30	20	0	1	1	2	3	1	0	0	0
Loch Garman	24	38	27	0	3	2	23	34	21	0	0	0	1	1	3	0	0	1
Cill Mhantáin	36	52	38	4	4	0	31	45	37	0	0	0	1	2	0	0	1	1
IOMLÁN	2064	2506	2322	57	90	101	1922	2246	2013	37	43	59	31	75	91	17	52	58

Cairt 10a IOMLÁN CÁSANNA CRÍOCHNAITHE AGUS CÉATADÁN CIONTUITHE

	Iomlán			Ciontú		
	2007	2006	2005	2007	2006	2005
Ceatharlach	11	25	29	100%	92%	100%
An Cabhán	14	24	20	86%	75%	95%
An Clár	37	39	45	100%	90%	89%
Corcaigh	275	257	265	96%	92%	92%
Dún na nGall	48	35	41	94%	94%	98%
Baile Átha Cliath	1048	1322	1220	99%	97%	96%
Gaillimh	49	79	46	90%	90%	89%
Ciarraí	45	51	41	96%	98%	90%
Cill Dara	63	77	72	95%	92%	92%
Cill Chainnigh	30	43	29	97%	95%	79%
Laois	22	20	22	100%	95%	91%
Liatroim	3	7	6	100%	100%	83%
Luimneach	54	82	93	100%	98%	89%
An Longford	13	10	9	100%	80%	100%
Lú	45	41	26	98%	90%	81%
Maigh Eo	23	32	39	91%	91%	85%
An Mhí	38	60	63	100%	100%	90%
Muineachán	24	19	20	92%	89%	90%
Uíbh Fhailí	11	8	15	100%	88%	100%
Ros Comáin	13	21	14	100%	90%	100%
Sligeach	19	30	33	84%	97%	91%
Tiobraid Árann	36	44	37	97%	91%	84%
Port Láirge	58	48	45	98%	98%	93%
An Iarmhí	25	42	27	92%	93%	96%
Loch Garman	24	38	27	96%	97%	85%
Cill Mhantáin	36	52	38	97%	94%	97%
IOMLÁN	2064	2506	2322	98%	95%	94%

Forálann Alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, go bhféadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Achomhairc Choiriúil pianbhreith a fhorchuireann an chúirt thrialach a athbhreithniú, más dealraitheach go raibh an phianbhreith a forchuireadh sa dlí trócaireach go mí-chuí.

Tugann Cairt 11 thíos mionsonraí den líon iarratas a rinneadh ó tugadh isteach an tAcht.

I dTuarascálacha Bliantúla roimhe 2004, leagadh torthaí na n-iarratas amach de réir na bliana inar taisceadh iad. Ní bhíodh na hiarratais go léir a taisceadh don bhliain dá raibh an Tuarascáil Bhliantúil ag tuairisciú, áfach, éiste ag dáta fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla agus bhíodh na torthaí do na hiarratais sin liostaithe mar ar feitheamh. Cinneadh dá bhrí sin, ón mbliain 2003 ar aghaidh, torthaí na n-iarratas a leagan amach de réir na bliana inar éisteadh iad.


Tugann Cairt 11a thíos imlíne ar thorthaí na n-iarratas, ó na blianta 1994 go dtí 2002, de réir na bliana inar taisceadh an t-iarratas (mar a bhí sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo).

Tugann Cairt 11b imlíne de thorthaí na n-iarratas, ón mbliain 2003 ar aghaidh, de réir na bliana inar éisteadh an t-iarratas.¹

Cairt 11 IARRATAÍS AR PHIANBHREITHEANNA A ATHBHREITHNIÚ AR FHORAS ROTHROCIARE

Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh	Bliain an Iarratais	An Líon Iarratas a Taisceadh
1994	2	2002	23
1995	2	2003	26
1996	3	2004	21
1997	4	2005	37
1998	12	2006	41
1999	34	2007	42
2000	31	2008	58
2001	23		

An Líon Iarratas a Taisceadh



Cairt 11a **TORTHAÍ NA nIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR TAISCEADH IAD**

Bliain Thaisceadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
1994	-	1	1	2
1995	-	1	1	2
1996	1	1	1	3
1997	2	2	-	4
1998	6	3	3	12
1999	17	16	1	34
2000	15	13	3	31
2001	17	3	3	23
2002	14	9	-	23

Cairt 11b **TORTHAÍ NA nIARRATAS DE RÉIR NA BLIANA AR ÉISTEADH IAD**

Bliain hEisteadh an Iarratais	D'éirigh leo	Diúltaithe	Iarratas Caite Amach nó Tarraingthe Siar	IOMLÁN
2003	11	8	1	20
2004	13	8	1	22
2005	18	9	2	29
2006	33	15	2	50
2007	30	6	3	39
2008	30	14	3	47

Tá sé cruthaithe gur bac éifeachtach ar dhéanamh tuilleadh cionta coiriúla é a gcuid sócmhainní a bhaint de choirpigh a chiontaítear dá bhforáiltear faoi fhorálacha an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú). Bhunaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí Aonad tiomanta um Choigistiú Sócmhainní in 2007 a chomhordaíonn agus a dhéanann monatóireacht na hiarratais go léir a thionscnaítear faoin Acht. Bíonn idirchaidreamh ar bhonn leanúnach idir an tAonad, an Garda Síochana, Aturnaetha Stáit agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim le sár-chleachtas a chinntiú i réimse coigistithe choiriúil agus forghéillte sócmhainní.

Is é 132 líon iomlán na gcomhad urghabhála acmhainní a n-osclaíodh san oifig in 2008. Bhain 11 de na comhaid sin le hiarratais s.39 agus bhí 2 iarratas ar orduithe calctha.

Tá mionsonraí Orduithe Coigistíochta agus Forghéillte deonaithe ag na cúirteanna i 2008, ar luach iomlán de €1,062,796.00, leagtha amach sa chairt thíos.

Orduithe Coigistíochta: Faoi fhorálacha alt 4 an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 (arna leasú), ó chiontaítear duine ar dhíotú i gcion maidir le mangaireacht drugaí agus ó ghearrtar pianbhreith air, ní foláir do Chúirt na trialach a dheimhniú an raibh buntáiste ag an té a ciontaíodh as an gcion, cé mhéad de bhuntáiste a bhí as agus cén tsuim atá inréadaithe le hurscaoileadh le hOrdú Coigistíochta. Déanann an Chúirt ansin Ordú Coigistíochta i leith an fhigiúir sin.

Orduithe Forghéillte: Foráiltear in alt 61 an Achta d'fhorghéilleadh aon mhaoín a úsáidtear i ndéanamh ciona nó i bhfreastal do chion, sa Chúirt Dúiche nó sa Chúirt Chuarda. Cuireann an Oifig seo iarratais isteach faoin alt sin maidir le réimse leathan sócmhainní, mar shampla carranna a úsáidtear le coirpigh a thabhairt chuig láthair coire agus ón láthair, chomh maith le hairgead agus gaireas coirptheachta, mar shampla trealamh cóirithe drugaí a dtagtar air ar láthair coire nó ina chongar.

Orduithe Forghéillte Cuid 39: Faoi alt 39 an Achta, is féidir le Breitheamh de chuid na Cúirte Cuarda forghéilleadh aon airgead a gabhadh faoi alt 38 an Achta a ordú má táthar sásta gur gnóthachtáil díreach nó indíreach ó choireacht an t-airgead nó go bhfuil rún é a chur in úsáid ag duine ar bith le haghaidh mangaireacht drugaí.

[Údaraítear faoi alt 38 an Achta airgead tirim a urghabháil sa chás go bhfuil cúis réasúnta ag duine den Gharda Síochána nó ag oifigeach Custaim agus Máil le hamhras gur ionann an tairgead tirim (airgead tirim san áireamh a dtagtar air le linn cuardaithe) agus gnóchan duine ó iompar coireachta. Ní féidir an t-airgead tirim a ghabhadh Garda nó ag oifigeach Custaim agus Máil a choinneáil ar feadh tréimhse is faide ná 48 uair a chloig mura dtugann Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche údarás leis an airgead a choinneáil níos faide. Is féidir iarratais a dhéanamh leis an gCúirt le leanacht ag coinneáil an airgid ar feadh tréimhsí suas le dhá bhliain.]

Cairt 12 COIGISTIÚ SÓCMHAINNÍ COIREACHTA

Orduithe	Uimhir	Méid
Orduithe Forghéillte	24	€279,907
Orduithe Coigistíochta	13	€279,000
Orduithe Forghéillte Cuid 39	9	€197,015
Orduithe Forghéillte Cuid 39 (iarratais Aturnaetha Ioncaim)	7	€306,874
IOMLÁN	53	€1,062,796

Tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2004. Sainmhínítear an Barántas Gabhála Eorpach (EAW) in Alt 2 den Acht mar chinneadh Cúirte i mballstát amháin de chuid an AE a dhíríonn ar Chúirt i mballstát eile de chuid an EU chun ‘ionchúiseamh coiriúil a sheoladh nó pianbhreith choinneála a dhéanamh sa bhallstát eisiúna’.

Cuireann aonad eiseachadta an Gharda Síochána iarratais maidir le hullmhú EAWanna faoi bhráid Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí. De ghnáth, déanann Aturnae de chuid na hOifige iarratais le haghaidh EAWanna le Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte ina suí i mBaile Átha Cliath agus nuair a eisiónn an Ard-Chúirt EAW, seoltar é chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí lena tharchur chun na tíre a mheastar a bhfuil an duine atá á iarraidh ina chónaí nó ina cónaí. Le hAlt 33 den Acht um Barántas Gabhála Eorpach, 2003, ní cheadaítear EAW a eisiúint ach amháin má luaitear téarma príosúnachta de 12 mí ar a laghad leis an gcion ar chiontú a bhaint amach nó, nuair is duine ciontaithe é an duine iarrtha a bhfuil téarma príosúnachta de 4 mhí gearrtha air nó uirthi. Chlúdaigh na cionta a raibh EAWanna á n-iarraidh ina leith raon leathan de chionta tromchúiseacha, lena n-áirítear dúnmharú, cionta gnéis, cionta drugaí, gadaíocht agus ionsaithe tromchúiseacha.

Léirítear leis an gcairt thíos, an staid ó tháinig an tAcht um Barántas Gabhála Eorpach i bhfeidhm. Ba chóir a thabhairt ar aird nach gá go gcomhfhreagródh eisiúint an EAW agus géilleadh an duine don bhliain a fhaightear an comhad.

Cairt 13: AN BARÁNTAS GABHÁLA EORPACH

Bliain	Comhaid EAW a bhFuarthas ó Ghardaí	EAWanna a Eisíodh	Daoine a Géilleadh
2004	40	17	4
2005	36	25	13
2006	38	45	23
2007	41	35	26
2008	48	42	25
TOTAL	203	164	91

Tá cur síos i gCairt 14 ar chaiteachas na hoifige i 2008, 2007 & 2006.

Tuarastail & Pá: Léiríonn sé seo tuarastail na foirne atá ar fostú san Oifig. 194.29 an líon iomlán foirne ar an 1 Eanáir 2008.

Caiteachais Oifige: Baineann sé seo le costais ghinearálta riaracháin na hoifige e.g. trealamh oifige a cheannach agus a chothabháil, soláthairtí oifige, costais leabharlainne, áitreabh oifige a chothabháil, taisteal agus caiteachais teagmhasacha eile.


Seirbhís Aturnaetha an Stáit: Aistríodh Seirbhís Aturnaetha an Stáit ó Oifig an Ard-Aighne go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i mBealtaine 2007. Ní raibh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as íocaíocht tuarastal agus costas Sheirbhís Aturnaetha an Stáit go dtí Eanáir 2008.

Táillí Abhcóide: Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Leagtar amach na táillí laistigh de pharaméadair a shocraíonn an tAire Airgeadais.

Caiteachais Ghinearálta Dlí: Baineann siad seo le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i ndáil le nithe a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach agus iarratais eile i dtaca le himeachtaí dlíthiúla i gcoinne an Stiúrthóra.

Cairt 14 CAITEACHAS NA HOIFIGE

	2008	%	2007	%	2006	%
	€		€		€	
Tuarastail Pá & Liúntais	13,165,327	30%	11,558,163	33%	10,132,015	32%
Caiteachais Oifige	4,884,785	11%	3,122,343	9%	2,960,447	10%
Seirbhíse Aturanae Stáit	6,540,967	15%	N/A	-	N/A	-
Táillí Abhcóide	13,746,326	31%	14,232,484	41%	12,085,966	38%
Caiteachais Ginearálta Dlí	5,908,384	13%	5,930,424	17%	6,304,827	20%
IOMLÁN	44,245,789		34,843,414		31,483,255	




Léiríonn Cairteanna 15 & 16 an caiteachas ar tháillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus de réir réigiúin i leith na Cuirte Cuarda Coiriúla.

I measc na dtáillí a fócadh le habhcóidí sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gCúirteanna Speisialta Coiriúla agus sa Chúirt Chuardal, bhí táillí a bhain le comhairle maidir le cruthúnas, dréachtú, comhairleoireacht, díotchúiseacht, cásanna a chur i láthair agus láithriú i gcásanna eile ina raibh gá déanamh amhlaidh, mar shampla, pianbhreitheanna.

Is de bharr iarratais ar bhannaí agus obair ullmhúcháin a bhain le hathbhreithnithe bhreithiúnacha formhór na dtáillí san Ard-Chúirt.


Cairt 15 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE HABHCÓIDÍ

	2008	%	2007	%	2006	%
	€		€		€	
An Chúirt Chuarda	7,612,381	53%	7,424,016	52%	5,969,616	50%
An Phríomh-Chúirt Choiriúil	3,338,387	28%	4,271,132	30%	3,388,237	28%
An Ard-Chúirt	1,441,755	10%	1,351,359	9%	1,370,451	11%
An Chúirt Uachtarach	630,350	4%	364,665	3%	278,533	2%
An Chúirt Achomhairc Choiriúil	539,944	4%	537,107	4%	845,148	7%
Cúirt Choiriúil Speisialta	132,820	1%	266,255	2%	208,341	2%
An Chúirt Dúiche	30,689	0%	17,949	0%	25,640	0%
IOMLÁN	13,726,326		14,232,484		12,085,966	



Cairt 16 TÁILLÍ ÍOCHA AG AN gCÚIRT LE CUARDA

	2008	%	2007	%	2006	%
	€		€		€	
Baile Átha Cliath	4,026,504	53%	4,161,889	56%	3,154,658	53%
Corcaigh	1,029,230	14%	755,769	10%	558,824	10%
An tOirthear	549,840	7%	612,278	8%	477,505	8%
Lártíre	296,429	4%	221,811	3%	186,221	3%
Oirdheisceart	673,856	9%	504,528	7%	565,874	9%
Iardheisceart	509,819	7%	564,974	8%	476,024	8%
An tIarlthar	217,764	3%	368,577	5%	166,782	3%
An Tuaisceart	308,939	4%	234,190	3%	383,728	6%
IOMLÁN	7,612,381		7,424,016		5,969,616	



7 SLIOCHT AS CUNTAS LEITHREASA 2007

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007, arna chur i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus ar an tsuim a fhéadfar a chur i bhfeidhm mar leithreasaí-i-gcabhair ina theannta sin, do thuarastail agus caiteachais Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seirbhís	Soláthar Meastaithe €'000	Aschur €'000	Méideanna Faibhrithe €'000
RIARADH			
A.1. Tuarastal, Pá agus Liúntais	12,801	11,561	-
A.2. Taisteal agus Cothabháil	216	204	26
A.3. Caiteachais Theagmhasacha	1,635	1,143	114
A.4. Seirbhísí Poist agus Telechumarsáide	310	263	17
A.5. Trealamh Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile	1,021	702	80
A.6. Caiteachais a Bhaineann le hÁitreabh Oifige	865	431	37
A.7. Athbheithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Pholasaithe	32	-	-
SEIRBHÍSÍ EILE			
B. Táillí Abhcóidí	14,580	14,232	2,492
C. Caiteachais Ghinearálta Dlí	4,350	5,932	3,044
Comhiomlán	35,810	34,468	5,810
<i>Bain as -</i>			
D. Leithreasaithe-i-gCabhair	15	135	-
GLANIOMLÁN	35,795	34,333	5,810

AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH €1,461,586

8 AN tACHT UM ÍOCPRAS CUNTAS, 1997

Rialacháin um Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála, 2002

Feidhmiú an Achta sa Tréimhse ó 1 Eanáir 2007 go 31 Nollaig 2008

- 8.1** Íocann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí soláthróirí tar éis na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist a sholáthar go sásúil agus laistigh de 30 lá ón lá a bhfaightear sonrasc ón soláthróir. I gcás taillí abhcóidí, cé nach bhfaightear sonraisc, is é cleachtas na hOifige iad a íoc laistigh de 45 lá tar éis tuarascáil a fháil maidir le gach cás ón aturnae stáit.
- 8.2** Sa tréimhse atá i gceist, rinne an Oifig 5 íocaíocht a bhí mall a chosain os cionn €317.50. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí sin agus €12,088.81. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí malla sa bhliain agus €12,088.81 as líon iomlán na n-íocaíochtaí de €5.218 milliún agus gearradh ús de €44.61 air sin.

huathoibríoch. I gcásanna ina dteastaíonn íocaíocht úis, cuirtear in iúl é don bhainistíocht le go bhféadfar cibé gníomh feabhais is gá a ghlacadh.

- 8.5** Ní féidir leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

Barry Donoghue
Oifigeach Cuntasaíochta
Lúnasa 2008

Ráiteas an Oifigigh Chuntasaíochta

- 8.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála, 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus tá téarmaí an Achta á gcomhlíonadh ag an Oifig ó shin i leith.
- 8.4** Stampáiltear na sonraisc go léir a fhaightear ó sholáthróirí nuair a fhaightear iad. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear isteach iad lena n-íoc go tráthúil chun a chinntiú go ndéantar iad a íoc laistigh den tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc cuirtear an dáta a bhfuarthas iad i gcomparáid le dáta na hÍocaíochta, agus má bhíonn an teorainn ama iomchuí sáraithe, déantar íocaíocht úis go

9 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó ionchúiseamh achoimre a sheoladh sa Chúirt Dúiche i leith **mionchionta**
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta **tromaí**

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN
STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile
Átha Cliath)

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

RANNÁN NA dTREORACHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN
STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)

ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de
Bhaile Átha Cliath)

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
 - Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
 - Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
 - Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

ABHCÓIDE IONCHÚISIMH


- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigíontú)
- Pianbhreith a ghearradh

10 STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN

(SUAS GO DTÍ IÚIL 2009)



AGUISÍN I

Ráiteas Polasaí maidir le Cúiseanna a thabhairt le Cinntí gan Ionchúiseamh a Dhéanamh - 22 Deireadh Fómhair 2008

Tá de rún ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí athrú ar bhonn píolótach a chur ar an bpolasaí maidir le cúiseanna nach ndéantar ionchúiseamh a nochtadh. Is ar an mbonn seo a leanas a chuirfear an polasaí sin i bhfeidhm:

1. Is le cionta líomhnaithe i gcásanna inar tharla bás duine agus leo sin amháin a bhainfidh an t-athrú polasaí, ina measc:
 - dúnmharú
 - dúnorgain
 - naíonmharú
 - bás sa láthair oibre
 - tionóiscí marfacha bóthair
2. Luafar na cúiseanna nach ndearnadh ionchúiseamh, nó nár leanadh ar aghaidh le hionchúiseamh, ach iad sin a iarraidh, le páirtithe a bhfuil ceangal dlúth acu leis an té a fuair bás, mar shampla:
 - daoine de mhuintir nó de theaghlach an té a fuair bás;
 - comhairleoirí dlí nó leighis dá gcuid; nó
 - oibrithe sóisialacha atá ag obair ar a son.
3. Ní luafar cúiseanna ach amháin sa chás gur féidir sin a dhéanamh gan éagóir a tharraingt ar dhuine eile. Thiocfadh sin i gceist i gcásanna ina dtarlódh, de bharr cúis a lua:
 - go mbeadh finné ionchais nó duine eile á chur i mbaol éagóra, mar shampla baint óna gclú;
 - go nochtfaí foinsí rúnda a bheith ar fáil nó an té atá ina fhoinsé rúnda nó go nochtfaí modhanna nó nósanna rúnda a bhaineann le cur i bhfeidhm an dlí; nó
 - go mbeadh tionchar na míbhuntáiste ar chur i bhfeidhm an dlí.
4. Ba cheart go mbeadh an chúis a luaitear sách mionsonraithe, nuair is féidir sin, agus go mbeadh ar chumas an pháirtí leasmhar an fáth a bhí leis an gcinneadh a thuiscint.
5. Bainfidh an polasaí le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nó le cinneadh gan leanúint le hionchúiseamh i gcás cionta a mbaineann bás leo agus ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin a tharla an cion líomhnaithe.
6. Is i scríbhinn a chuirfear na cúiseanna le cinntí in iúl do pháirtithe leasmhara. Níl i gceist, leis an athrú píolótach seo ar an bpolasaí, go mbeadh scóip ann le cruinnithe ar aon láthair leis na páirtithe leasmhara a thairiscint. Ba cheart don té a thagann faoi scáth alt 2 thuas agus ar mhaith leis fios a bheith aige cén chúis nach ndearnadh ionchúiseamh nó nár leanadh ar aghaidh le hionchúiseamh scríobh go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráit Mhuirfeann Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.
7. Tá ináirithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go mbeidh an polasaí i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2010 ar a laghad. Déanfar meastóireacht chuimsitheach ar an bpolasaí le linn na tréimhse sin. Déanfar, faoi réir ag toradh sásúil ar an meastóireacht ar oibriú an pholasaí, an cheist maidir leis an bpolasaí a leathnú go dtugtar cásanna tromchúiseacha eile, cionta gnéis san áireamh, faoina scáth a mheas.
8. Is den tábhacht go dtugtar chun aire nach gcuirtear aon athrú leis an bpolasaí nua seo ar chearta seanbhunaithe an íospartaigh agus a dhaoine muinteartha agus go dtagann an polasaí nua sa bhreis ar na cearta sin:
 - a iarraidh ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh ionchúisimh
 - freastal ar chruinniú leis an bhfoireann ionchúisimh sula ndéantar an cás a thriail
 - a iarraidh go n-éileodh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú mar gheall ar phianbhreith is boige ná mar ba chóir.

AGUISÍN II

Ráiteas faoi Thoradh na Bliana

Nóta: Tá sé de chuspóir ag an Ráiteas Aschuir na haschuir agus na tionchair straitéiseacha lárnacha a chur leis na hionchuir airgeadais agus foirne do bhliain féilire. Tá na haschuir sa ráiteas bunaithe ar an mbliain 2008 agus léiríonn siad an obair go léir a rinneadh ar chomhaid ionchúisimh agus ar imeachtaí dlíthiúla le linn 2008 cibé acu an bhfuarthas na comhaid in 2008 nó sna blianta roimhe sin. Mar gheall air sin, ní féidir na staitisticí atá luaite sa ráiteas a chur i gcomparáid dhíreach leis na staitisticí a luaitear i gCaibidil 8 den tuarascáil seo a thionsaítear ar bhonn na bliana a fuarthas an comhad san Oifig.

1. Ráiteas Achoimre – Cuspóir Ardleibhéil

Is é feidhm bhunúsach atá le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí stiúru agus maoirseacht a dhéanamh mar gheall ar ionchúisimh phoiblí agus cúrsaí coireachta a bhaineann leis sin. Is ón nGarda Síochána, an phríomhaisíneacht náisiúnta maidir le himscrúdúchán, a thagann an chuid is mó de na cásanna a chuirtear faoi bhráid na hOifige. Ina dhiaidh sin féin, bíonn roinnt cásanna á gcur faoi bhráid na hOifige freisin ag áisíneachtaí imscrúdúcháin sainspeisialta, ina measc na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdaráis Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

Cuspóir Ardleibhéil

Seirbhís ionchúisimh neamhspleách, cóir, éifeachtúil a chur ar fáil ar son Phobal na hÉireann.

Táscaire Tionchair

A oiread agus a choinnítear seirbhís ionchúisimh neamhspleách, éifeachtúil, cóir sa tsiúl.

Aidhmeanna an Chláir

Na comhaid imscrúdúcháin choiriúla a chuirtear faoi bhráid na hOifige a bhreithniú agus cinneadh tráthúil ar choir ionchúiseamh a thionscnamh nó nár chóir nó ar chóir leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh atá tionscanta cheana féin ag an nGarda Síochána.

Cinntiú go ndéantar beart de réir chinntí ionchúiseamh a thionscnamh go tráthúil agus ar bhealach a thagann leis na Treoirínte d'ionchúisitheoirí mar a fhoilsítear iad.

2. An Buiséad Iomlán de réir Foinse an Chiste agus de réir na Bliana

Vóta de chuid an Oireachtais ciste na hOifige. Is leis an Vóta sin a dhéantar soláthar do thuarastail agus do chostais an Stiúrthóra agus a chuid foirne, tuarastail agus costais Sheirbhís an Aturnae Stáit, táillí le hóc le habhcóidí a fhostaíonn an Stiúrthóir le cásanna a ionchúiseamh i gcúirteanna éagsúla agus costais a dhámhtar in aghaidh an Stáit ó Athbhreithniú Breithiúnach agus imeachtaí eile dlí. Is de réir an éilimh an caiteachas ar an dá mhír dheireanacha sin agus braitheann sé ar líon na gcásanna coiriúla a chuirtear trí na Cúirteanna i rith na bliana. Baineann an figiúr maidir le Leithreas i gCabhair le haisghabháil ar chostais a dhámhtar don Stát in imeachtaí coiriúla go príomha. Ó tharla go mbíonn éagsúlacht mhór idir figiúirí ó bhliain go bliain, figiúr ainmiúil a luaitear.

	BUIÉAD 2008 € milliún	Toradh Sealadach 2008 € milliún	BUIÉAD 2009 € milliún	% Athrúsa Toradh
Caiteachas a Vótáladh	44.55	44.36	43.58	-2%
Neamhvótáilte (foinse Stáit)	-	-	-	-
Ollchaiteachas Iomlán	44.55	44.36	43.58	-2%
Leithreas i gcabhair	0.02	0.11	0.02	-
Caiteachas Glan	44.53	44.25	43.56	-2%

3. Mionsonraí an Chláir

Clár amháin oibre a dhéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, seirbhís ionchúisimh neamhspleách, cóir, éifeachtúil a chur ar fáil ar son Mhuintir na hÉireann.

IONCHUR

BRISEADH SÍOS DE RÉIR AIDHMEANNA STRAITÉISE AR AN OLLCHAITEACHAS IOMLÁN					
		2008		2009	% d'Athrú2009 i gComparáid le 2008
		Buiséad € Milliún	Toradh € Milliún	Buiséad € Milliún	
Caiteachas ar Riarachán	Pá	2.88	2.39	2.87	20%
	Neamhphá	4.29	4.99	3.28	-34%
Caiteachas ar Chláir	Pá	11.53	10.78	11.31	5%
	Neamhphá	25.85	26.19	26.12	0%
Ollchaiteachas Iomlán		44.55	44.35	43.58	-2%
Leithreas-i-gCabhair		-0.02	-0.11	-0.02	-82%
Caiteachas Glan		44.53	44.24	43.56	-2%
		2008			
Líon na Foirne a bhí fostaithe ag deireadh na bliana 2008 (lánaimseartha agus a chomhionann)		196.6			

TORADH

Sprioc do Thoradh 2008	Toradh 2008	Sprioc do Thoradh 2009
Treoir a eisiúint maidir le timpeall is 10,000 amhrastach ar chomhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid	Eisíodh treoracha i ndáil le 11,300 amhrasach maidir le comhaid a chuir gníomhaireachtaí imscrúdaithe faoi bhráid na hOifige.	Treoir a eisiúint maidir le timpeall is 11,000 amhrastach ar chomhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid.
Cinntí ionchúisimh taobh istigh de spriocthráthanna ama: 40% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain 50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine 75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí	54% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain 67% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine 84% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí	Cinntí ionchúisimh taobh istigh de spriocthráthanna ama: 40% de na cásanna taobh istigh de 2 sheachtain 50% de na cásanna taobh istigh de 4 seachtaine 75% de na cásanna taobh istigh de 3 mhí

Sprioc do Thoradh 2008	Toradh 2008	Sprioc do Thoradh 2009
Déileáil le timpeall is 1,500 cás indíotála nua, ag feidhmiú trí Sheirbhís an Aturnae Stáit agus le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo nach bhfuil tagtha chun críche go fóill.	Déileáladh le 1,796 cás indíotála nua chomh maith le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo.	Déileáil le himeachtaí cúirte ar iondioltáil ag feidhmiú trí Sheirbhís an Aturnae Stáit ag teacht as treoracha ionchúiseamh a dhéanamh in 2009 in aghaidh thart ar 1,800 amhrasach i dteannta ionchúisimh leanúnacha a treoraíodh sna blianta roimhe sin.
Déileáil go díreach le thar ar 2.500 comhad ionchúisimh Cúirteanna Dúiche Bhaile Átha Cliath.	2,376 comhad a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáladh leo.	Déileáil go díreach le thar ar 2,300 comhad ionchúisimh Cúirteanna Dúiche Bhaile Átha Cliath.
Déileáil le timpeall is 2,000 achomharc ón gCúirt Dúiche, ina measc achomhairc maidir le cásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe.	2,877 comhad a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáladh leo.	Déileáil le timpeall is 2,500 achomharc ón gCúirt Dúiche, ina measc achomhairc maidir le cásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe.
Déileáil go díreach le timpeall is 1,800 cás indíotála nua agus le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo nach bhfuil tagtha chun críche go fóill.	Déileáladh le 1,795 cás indíotála nua chomh maith le cásanna indíotála ar lean ó bhlianta roimhe seo.	Déileáil le himeachtaí cúirte ar iondioltáil ag teacht as treoracha ionchúiseamh a dhéanamh in 2009 in aghaidh thart ar 1,800 amhrasach i dteannta ionchúisimh leanúnacha a treoraíodh sna blianta roimhe sin.
Déileáil le timpeall is 1,700 larratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus timpeall is 350 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach.	2,582 larratas ar Bhannaí agus 337 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach a cuireadh faoi bhráid agus ar déileáileadh leo.	Déileáil le timpeall is 2,200 larratas ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus timpeall is 350 cás faoi Athbhreithniú Breithiúnach.

AGUISÍN III

Cairt an Íospartaigh

Ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Nuair a thugann duine tuairisc faoi choir thromchúiseach, déanann na Gardaí (nó gníomhaireachtaí eile) imscrúdú mar gheall air agus seoltar comhad chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Déantar scrúdú san Oifig ar an gcomhad d'fhonn a fheiceáil an bhfuil dóthain fianaise ar fáil le duine a ionchúiseamh sa choir agus a dhéanamh amach cén chúis ba cheart a thabhairt.

Cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh

Is cinneadh tromchúiseach an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh – d'fhéadfadh tionchar fadtéarmach a bheith aige ar íospartach na coire agus ar an té a chúisítear ann. Is é an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí amháin nó duine dá chuid oifigeach ar féidir leo socrú an ndéanfar ionchúiseamh i gcásanna tromchúiseacha, mar shampla dúnmharú, ionsaí gnéis nó tionóisc bóthair a dtagann bás dá bharr.

D'fhéadfadh na Gardaí socrú ionchúiseamh a dhéanamh maidir le coireanna nach bhfuil chomh tromchúiseach. Is in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a dhéantar an t-ionchúiseamh agus tá de cheart ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí treoir a thabhairt do na Gardaí faoin modh a ndéileáiltear leis an gcás.

Feidhmítear go neamhspleách agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar ionchúiseamh nó nach ndéanfar. Ciallaíonn sin nach féidir le haon duine eile, fiú amháin an Rialtas, a rá leis an Oifig ionchúiseamh a dhéanamh nó gan ionchúiseamh a dhéanamh maidir le cás ar bith.

Gan Ionchúiseamh a Dhéanamh

Má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh tabharfaimid na cúiseanna do na Gardaí a d'fhiosraigh an cás agus iadsan amháin. I gcásanna áfach inar

tharla bás, agus i ndiaidh 22 Deireadh Fómhair 2008 tabharfaimid cúiseanna do theaghlaigh íobartach má chuireann siad ceist orainn. Ní thabharfaimid cúis ach nuair is féidir sin a dhéanamh gan éagóir a dhéanamh ar dhuine éigin eile.

Cionta a ionchúiseamh sa chúirt

Cuirfidh na Gardaí in iúl duit má cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh agus, más amhlaidh gur cinneadh, tráth agus ionad an chás cúirte. Nuair is i mBaile Átha Cliath a dhéantar cás a ionchúiseamh, is iad na Gardaí nó aturnae de chuid na hOifige a dhéanann ionadaíocht thar ceann na hOifige sa chúirt. Nuair is taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath a bhíonn an chúirt, is iad na Gardaí nó an t-aturnae stáit áitiúil a dhéanann an ionadaíocht.

Is sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Chuarda Choiriúil nó an Chúirt Choiriúil Speisialta a éistítear na cásanna is tromchúisí. I gcásanna den chineál sin, déanfaidh an t-aturnae ionchúisimh nó an t-aturnae stáit áitiúil:

- Doiciméidí cúirte a ullmhú, mar shampla leabhair fianaise (ráitis agus eolas eile mar gheall ar an gcoir); agus
- Treoir agus cúnamh a thabhairt d'abhcóidí an ionchúisimh.

Ambeidh súil agat leis ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Cinntí faoi ionchúisimh

- Tabharfar aon tuairimí a chuireann tú in iúl san áireamh sula ndéantar cinneadh maidir le hionchúiseamh.

- Sa chás go n-iarrann tú go ndéanfaí athbhreithniú ar cheann dár gcinntí, déanfar an cinneadh a scrúdú agus, más féidir sin, cuirfear faoi athbhreithniú é. Oifigeach eile seachas an t-oifigeach a rinne an cinneadh a dhéanfaidh an t-athbhreithniú.
- Má chinnimid gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcás inar tharla bás an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh tabharfaimid, arna iarraidh uait, cúis lenár gcinneadh aon uair is féidir sin.

Sa chás gur finné atá ionat

- Caithfear le meas leat agus tabharfar do chás féin, do chuid cearta pearsanta agus do chuid dínite san áireamh.
- Oibreofar i gcomhar leis na Gardaí d'fhonn cinntiú go gcoinnítear ar an eolas tú faoin gcás, go háirithe má tá cion foréigin nó gnéis i gceist.
- Déanfar socrú ionas go bhféadann tú labhairt le aturnae agus abhcóide an ionchúisimh más mian leat sin sula dtosaíonn an cás cúirte. Míneoidh siadsan an ní a tharlóidh sa chúirt ach níl cead acu labhairt leat faoin bhfianaise a thabharfaidh tusa.

Pianbhreith

- Sa chás go síleann an Oifig pianbhreith a bheith níos boige ná ba chóir, is é sin ró-éadrom gan údar maith leis, féadfaimid a iarraidh ar an gCúirt Achomhairc Coiriúil athbhreithniú a dhéanamh mar gheall uirthi. Is féidir leis an Oifig athbhreithniú a iarraidh maidir le pianbhreitheanna ón bPríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Chuarda Choiriúil agus an Chúirt Choiriúil Speisialta ach ní féidir maidir le pianbhreitheanna de chuid na Cúirte Dúiche.

Sa chás nach sásta a bhítear leis an obair

Sa chás go bhfuil ceist ort nó gearán le déanamh agat faoin Oifig, is féidir comhfhreagras a dhéanamh le:

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
14-16 Sráid Mhuirfean Uacht
Baile Átha Cliath 2

Teil: + 353 (0)1 678 9222
Faics: + 353 (0)1 661 0915
Suíomh idirlín: www.dppireland.ie

Tá ár leabhráin eolais, **Ról an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus Ag Freastal ar Chúirt mar Fhinné** ar fáil ar an láithreán gréasáin. Tá go leor eolais a d'fhéadfadh cabhrú leat sa chuid "Íospartaigh agus Finnéithe" ar an láithreán gréasáin.

